# Seo Chugaibh an tIdirlíon

## Clár Sábháilteachta Ar Líne Rang 1 & 2



# CLÁR


| | |
|---|---|
| **RÉAMHRÁ** | **4** |
| **BUÍOCHAS** | **6** |
| **EOLAS FAOIN ACMHAINN** | **7** |
| **CUID A HAON: EOLAS DON MHÚINTEOIR** | |
| Eolas faoin gClár Oideachasúil na Laochra HTML | 11 |
| **CUID A DÓ: AN RÍOMHSHÁBHÁILTEACHT A MHÚNADH** | |
| Mol do Mhúinteoirí Webwise | 14 |
| Treoracha maidir le Conas an Acmhainn seo a Úsáid | 17 |
| **CUID A TRÍ: CLÁR SÁBHÁILTEACHTA AR LÍNE RANG 1 & 2 – NA LAOCHRA HTML** | |
| Cuir Aithne ar na Laochra HTML | 23 |
| Ceacht 1 Seo Chugaibh an tIdirlíon | 24 |
| Ceacht 2. Ag Déanamh Cuardach Ar Líne | 38 |
| Ceacht 3. Ag Imirt agus ag Foghlaim Ar Líne | 56 |
| Ceacht 4. An Comhrá Ar Líne | 70 |
| Ceacht 5. An tAm a Chaithim Ar Líne | 84 |
| **AGUISÍNÍ** | **99** |
| **EOLAS FÚINN** | **106** |


Is é an tseirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí amháin atá freagrach as ábhar an fhoilseacháin seo agus féadfar nach tuairim an Aontais Eorpaigh atá léirithe ann.

# RÉAMHRÁ

## TÁ NA TEICNEOLAÍOCHTAÍ IDIRLÍN AGUS DIGITEACHA TAR ÉIS AN SAOL AGAINN, AGUS SAOL NA LEANAÍ AGUS NA DAOINE ÓGA A ATHRÚ Ó BHONN.

Cuireann sé deiseanna iontacha ar fáil dúinn chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh agus chun tacaíocht a chur ar fáil, agus is cuid dhílis dá saol laethúil é faoin am seo. De réir mar a leathnaíonn siad an úsáid a bhaineann siad as an teicneolaíocht dhigiteach, éiríonn an t-idirdhealú idir an saol ar líne agus an fíor-shaol. Agus an t-idirlíon chomh mór suntasach sin ina saol, agus de réir mar a bhíonn níos mó rochtain ag leanaí air nuair atá siad óg, agus an aois sin ag éirí níos óige de réir a chéile, ní raibh sé riamh chomh tábhachtach sin aghaidh a thabhairt don tsábháilteacht ar líne agus don saoránacht dhigiteach.

Arís is arís eile tá an ról ríthábhachtach atá ag scoileanna agus oideachasóirí i dtacú le leanaí agus iad ag tabhairt faoi ghníomhaíocht ar líne tugtha le fios sa taighde atá déanta. Is é ár bhfreagracht chomhchoiteann oideachas a chur ar dhaoine óga faoi na deiseanna agus na rioscaí atá i gceist leis an saol ar líne. Agus amhlaidh a dhéanamh, ní amháin go gcuideoimid leo a bheith níos sábháilte ar líne, ach tabharfaimid cumhacht dóibh freisin taithí a fháil ar na buntáistí atá le fáil air.

Leis an gclár na Laochra HTML, tá deiseanna traschuraclaim curtha ar fáil do mhúinteoirí rang 1 agus 2 chun dul i mbun oideachais sábháilteachta ar líne mar chuid dá dteagasc. Creidimid go gcuirfidh na ceachtanna, na hacmhainní agus na hábhair sa chlár seo go mór lenár tairiscint acmhainní arb é is aidhm dóibh cabhrú le múinteoirí an tsábháilteacht ar líne agus an tsaoránacht dhigiteach a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus iad ag feidhmiú sa seomra ranga.

Tá ról tábhachtach ag tuismitheoirí i dtaca le gníomhaíocht a leanaí ar líne freisin. Leis an gclár seo, tá naisc baile-scoile, faisnéis agus treoir chabhrach curtha ar fáil chun tacú le tuismitheoirí tabhairt faoi shaol ar líne a gcuid leanaí ar bhealach éifeachtach.

Tá an tSeirbhís um an bhForbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, an Teicneolaíocht san Oideachas (PDST) dírithe ar chumhacht a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga le bheith níos sábháilte, níos éifeachtaí agus níos freagraí mar úsáideoirí idirlín ar feadh an tsaoil, agus soláthraíonn an clár seo bunús láidir chun tús a chur leis an aistear fada sin. Agus an clár seo á fhorbairt againn, d'éisteamar go cúramach le teagascóirí, le tuismitheoirí agus le saineolaithe oideachasúla chun clár cuimsitheach a chur le chéile ina bhfuil foráil déanta don rannpháirtíocht dhearfach leis an teicneolaíocht agus a mbeidh de chabhair do leanaí nascleanúint a dhéanamh go sábháilte ar an saol mór ar líne agus digiteach, ar ghné é atá an-suntasach ar fad ina saol sa lá atá inniu ann.

Tá sé de cheart ag leanaí taitneamh a bhaint as a n-óige ar líne, agus rochtain a fháil ar spásanna sábháilte ar líne, chomh maith le leas a bhaint as na deiseanna go léir atá i gceist le domhan atá idirnasctha mar atá, de réir mar is cuí ag brath ar a n-aois agus an chéim ag a bhfuil siad. Ar an gcaoi chéanna tugaimid buneolas faoin tsábháilteacht ar bhóithre do leanaí leis an gCód Sábhhála, tá an clár seo ceaptha chun leanaí agus daoine óga a threorú trí na chéad chéimeanna rannpháirtíochta ar líne agus príomhtheachtaireachtaí sábháilteachta a threisiú agus buntáistí an idirlín a chur chun cinn freisin.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don sárobair atá déanta ag ár bhfoireann Webwise, faoi cheannaireacht Anthony Kilcoyne, Leas-Stiúrthóir PDST um Theicneolaíochtaí Digiteacha. Bhí iarracht mhór foirne i gceist leis seo ar fud an PDST freisin agus obair déanta ag ár bhfoirne Teicneolaíochtaí Digiteacha, Teangacha Bunscoile, Sláinte agus Folláine agus Taighde agus Dearaidh CPD chuige.

Gabhaimid buíochas freisin le Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna, leis an Dr. Margaret Nohilly, le Kieran Fanning, leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus leis an Rannán Bunscoile i gComhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí.

Gach rath oraibh san obair fiúntach atá romhaibh.

Ciara O'Donnell Stiúrthóir Náisiúnta

An tSeirbhís um an bhForbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí



## BUÍOCHAS

Gabhaimid buíochas croíúil le gach aon duine a bhí páirteach i bhforbairt na hacmhainne seo; baill Fhoireann Teicneolaíochtaí Digiteacha PDST agus Foireann Sláinte agus Folláine PDST, CPD PDST, an Fhoireann Taighde agus Dearaidh agus Foireann Teangacha Bunscoile PDST, Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna, an Dr. Margaret Nohilly, Kieran Fanning, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus an Rannán Bunscoile i gComhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí.



# EOLAS FAOIN ACMHAIN

## TÁ AN CLÁR NA LAOCHRA HTML SAINCHEAPTHA DO MHÚINTEOIRÍ RANG 1 AGUS 2 CHUN NA CHÉAD CHÉIMEANNA A BHAINEANN LEIS AN ROCHTAIN AR AN IDIRLÍON AGUS LE BUNEOLAS FAOIN ACMHAINN.

### CONAS ÚSÁID A BHAINT AS AR BHEALACH ATÁ SÁBHÁILTE AGUS FREAGRACH.

Tá cúig cheacht san acmhainn agus is féidir iad a iniúchadh mar cheachtanna ar leith, nó iad go léir a chur ar fáil san aon aonad amháin. Sna ceachtanna seo, déantar scrúdú ar conas an t-idirlíon a úsáid go sábháilte, conas cumarsáid a dhéanamh ar líne, conas imirt agus foghlaim ar líne, agus conas cabhair agus tacaíocht a fháil chuige sin uile.

Sna chúig ghearrscéal maisithe seo, foghlaimeoidh na daltaí na bunscileanna chun a bheith sábháilte ar líne, agus ina measc siúd an fáth go bhfuil sé ríthábhachtach gan dearmad a dhéanamh ar STOP, SMAOINIGH, SEICEÁIL agus iad ag déanamh teagmháil ar an domhan digiteach. Tá deiseanna sna cúig cheacht atá san acmhainn chun dul i dteagmháil leis an teicneolaíocht dhigiteach agus aird a tharraingt ar na buntáistí agus na deiseanna a thugann an t-idirlíon dúinn agus ag an am céanna cuirtear scileanna ar fáil do na daltaí chun an domhan digiteach a nascleanúint go sábháilte.

### COMHTHÉACS AN CHLÁIR

Tá níos mó agus níos mó rochtain ag leanaí ar an idirlíon, agus tá an aois ag a mbíonn siad ag dul air ag éirí níos luaithe de réir a chéile. Fuarthas i dtaighde a rinne an tIonad Náisiúnta um Thaighde agus Acmhainní Frithbhulaíochta (ABC) in 2016 go bhfuil rochtain ag breis is 50% de leanaí 6-8 mbliana d’aois ar ríomhaire atá nasctha leis an idirlíon (An tIonad Náisiúnta um Thaighde agus Acmhainní Frithbhulaíochta, 2016).

Is cuid shuntasach de shaol leanaí iad an t-idirlíon, teicneolaíochtaí digiteacha agus na meáin dhigiteacha sa lá atá inniu ann. Tá breac-chuntas ar fáil i dTuarascáil um Leanaí ar Líne 2015 ar an ról ríthábhachtach atá ag scoileanna agus múinteoirí chun leanaí a chur chun gníomhú go sábháilte ar líne, agus moltar go ndéanfar an litearthacht dhigiteach a chomhtháthú i gcuraclam na bunscoile lena chinntiú go bhfaigheann gach leanbh oiliúint i scileanna sábháilteachta. Trí úsáid na teicneolaíochta digití a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí foghlama, d’fhéadfadh scoileanna an úsáid gléasanna ar bhealach níos dearfaí agus níos sábháilte a chur chun cinn (O’Neill & Dinh, 2015).

### CAD IAD NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ A DHÉANANN LEANAÍ AR LÍNE?

Sa tuarascáil is déanaí de chuid EU Kids Online tá breac-chuntas déanta ar na gníomhaíochtaí a dhéanann leanaí ar líne go coitianta. Anuas ar a bheith ag féachaint ar fhíseáin, is gnách go mbíonn siad ag imirt cluichí ar líne i bhformhór na dtíortha. Tá na torthaí ó shuirbhé ar cuireadh ar leanaí 9-16 bliana d’aois as 19 tír Eorpach curtha i láthair sa tuarascáil seo. Seo a leanas roinnt de na príomhthorthaí a bhí curtha i láthair sa tuarascáil:

- I measc na ngníomhaíochtaí is mó a dhéanann leanaí chuile lá, bíonn siad ag féachaint ar fhíseáin, ag éisteacht le ceol, ag dul i dteagmháil lena gcairde agus lena mhuintir féin, ag tabhairt cuairte ar shuímh meán sóisialta agus ag imirt cluichí ar líne.

suntasach atá tagtha ar chion na leanaí a úsáideann fón cliste agus ar an méid a úsáideann siad an t-idirloín i gcomparáid le suirbhé EU Kids Online in 2010. Tá an méid ama a chaitheann leanaí ar líne gach lá tar éis beagnach dul i méid faoi dhó in go leor tíortha.

- Tá athrú mór tagtha ar an eispéireas ar líne a bhíonn ag leanaí le deich mbliana anuas, agus YouTube ag éirí níos coitianta, agus suíomhanna meán sóisialta náisiúnta ag géilleadh tús áite do Instagram agus aipeanna eile mór le rá.
- I bhformhór na dtíortha, deir níos lú ná aon leanbh amháin as gach triúr leanaí nach n-úsáideann siad an t-idirlíon riamh le haghaidh obair scoile, é sin nó gur fíor-annamh a dhéanann siad amhlaidh (Smahel et al., 2020).

Cé go bhfuil an taighde ar úsáid an idirlíon i measc leanaí óga in Éirinn teoranta, sa tuarascáil is déanaí ó Cybersafe Ireland, tá sé léirithe go bhfuiil méadú ar an rochtain agus ar an rannpháirtíocht ar líne. Sa tuarascáil a cuireadh amach in 2019, rinneadh suirbhé ar 3,764 leanbh idir 8 agus 12 bliana d'aois agus fuarthas amach go raibh gléas cliste dá chuid féin ag 93% díobh agus go bhfuil cuntas dá chuid féin ag 65% díobh sna meáin shóisialta agus ar aipeanna teachtaireachta. Gníomhaíocht minic eile is í an chluichíocht freisin agus luaigh 70% de na leanaí a ndearnadh suirbhé orthu gur imir siad cluiche amháin ar líne ar a laghad (CyberSafeIreland, 2020).

I dtuarascáil Zeeko don bhliain 2018 ina raibh 244 scoil agus 35,867 leanbh i gceist leis, fuarthas amach go bhfuil rochtain ag leanaí ar an idirlíon ó aois óg, agus gur timpeall 6 bliana d'aois a dtéann siad ar líne den chéad uair. Rinneadh suntas de sa tuarascáil freisin go raibh níos mó ná 60% de leanaí bunscoile ag úsáid táibléad, ríomhairí, agus consóil cluichí chun rochtain a fháil ar an idirlíon le YouTube, Snapchat, agus Minecraft i measc na haipeanna is mó tóir i measc leanaí bunscoile (Everri & Park, 2018).

## ÚSÁID NA TEICNEOLAÍOCHTA AGUS COVID-19

Ina theannta sin, tá béim leagtha, i dtaighde a rinne an tIonad Náisiúnta um Thaighde agus Acmhainní in aghaidh Bulaíochta in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i gcomhpháirtíocht le Comh-Ionad Taighde an Choimisiúin Eorpaigh, a fhéachann ar an gcaoi a ndeachaigh leanaí agus tuismitheoirí i dteagmháil leis an teicneolaíocht dhigiteach agus iad ag fanacht sa bhaile le linn dhianghlasáil Covid- 19, ar roinnt tionchair a bhí aige ar shábháilteacht leanaí ar líne agus ar fholláine iomlán an teaghlaigh.

Fuarthas sa taighde sin gur tháinig méadú suntasach ar an méid a úsáideann leanaí áiseanna teicneolaíochta le linn na dianghlasála, agus dúirt 71% de leanaí a úsáideann fóin chliste gur úsáid siad iad níos minice le linn na dianglasála ná riamh roimhe sin. Thuairiscigh 72% de leanaí a úsáideann na meáin shóisialta méadú ar aon dul leis sin, agus 66% díobh a úsáideann consóil cluichíochta agus 65% d'úsáideoirí teachtaireachtaí meandaracha / príobháideacha.

Cé nach gceadaíonn go leor suíomhanna meán sóisialta leanaí faoi 13 bliana d'aois ar a n-ardáin, tá spíce ghéar le feiceáil sa chatagóir aoise 10-13 in úsáid na meán sóisialta freisin (d'úsáid 75% de na leanaí a úsáideann na meáin shóisialta san aoisghrúpa sin iad níos minice le linn na dianghlasála).

Bhí 77% de na leanaí go léir sa sampla ag tabhairt faoi roinnt gníomhaíochtaí ar líne, mar shampla ranganna ar líne nó físchomhdháil lena múinteoirí fad is a bhí athrú tagtha ar a gcuid ranganna scoile mar gheall ar an gcoróinvíreas (KiDiCoTi, Lárionad Frithbhulaíochta, 2020).

Agus na fionnachtana seo á mbreithniú agat ba chóir duit a bheith feasach air go bhféadfadh cuid de na leanaí sa ghrúpa a bheith díreach ar tí cluichí a imirt ar líne nó spéis a bheith acu i dteachtaireachtaí meán sóisialta agus aipeanna roinnte den chéad uair. D'fhéadfadh cuid acu a bheith i mbun idirbheartaíocht lena dtuismitheoirí chun cead a fháil chuige sin. Féadfar na rudaí a insíonn tú a bheith inste ag na leanaí sa bhaile sa idirbheartaíocht sin. Sa chomhthéacs seo, is fearr labhairt faoin a bheith ag "imirt cluichí ar líne" seachas "ag imirt Roblox nó Fortnite" a lua.

## SCILEANNA DIGITEACHA A FHORBAIRT

Is cuid thábhachtach den teagasc digiteach gur cheart do leanaí a fháil é iad a mhúineadh conas an t-idirlíon a úsáid go sábháilte. Tá Scileanna Digiteacha mar réamhchoinníoll bunúsach le haghaidh lánpháirtíocht leanaí leis an domhan tríd an idirlíon: bíonn siad ag teastáil ó dhaoine óga le bheith lánpháirteacht sa tsochaí i gcoitinne, san oideachas, agus san fhostaíocht agus tá sé ríthábhachtach dá bhfolláine i gcoitinne (International Telecommunication Union, 2018 & van Deursen, Helsper & Eynon 2016). Anuas air sin, is cuid thábhachtach den teagasc digiteach é iad a mhúineadh conas an t-idirlíon a úsáid ar bhealach atá dearfach agus sábháilte (O'Neill & Dinh, 2015).

## RIOSCAÍ AGUS DEISEANNA A BHAINISTIÚ

Tá na saineolaithe ar aon intinn faoi nach mór cothromaíocht a bhaint amach maidir leis an tsábháilteacht ar líne ar shlí ina n-aithnítear an iliomad buntáistí agus deiseanna a thairgeann an t-idirlíon, cé go bhfuil sé tábhachtach aird a tharraingt ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an idirlíon do leanaí. Beidh sé de chuidiú do leanaí teacht ar an tuiscint a theastaíonn chun an domhan digiteach a nascleanúint a fhorbairt deiseanna praiticiúla, treoraithe agus múnlaithe chun an foghlaim a dhéanamh i gcomhthéacs.

Fuarthas i dtuarascáil Global Kids Online go bhfuil leanaí a ghlacann páirt i raon níos leithne gníomhaíochtaí ar líne níos fearr oilte ar conas an t-idirlíon a úsáid, agus gur gnách go mbíonn scileanna digiteacha níos laige ag leanaí a bhfuil rochtain níos teoranta acu ar an idirlíon. Is féidir leis an siamsaíocht ar líne, mar shampla, cluichí físeáin a imirt agus a bheith ag féachaint ar ghearrthóga físe, a bheith cabhrach do leanaí óga suim a chothú in eispéiris oideachasúla, faisnéiseacha agus sóisialta ar líne. Trí leanaí a spreagadh chun a gcuid gníomhaíochtaí ar líne a leathnú níos faide ná an tsiamsaíocht amháin, is féidir leo raon cumais theicniúla agus chriticiúla a fhorbairt, de réir na tuarascála (Livingstone, Winther, D. K., & Hussein, 2019).

Mar sin féin, níl sé gan baol do leanaí a bheith ag baint úsáid as an idirlíon, i gcomhthéacs Éireannach, fuarthas sa Tuarascáil Net Children Go Mobile 2015;

- Ar an iomlán, deir 1 leanbh as 5 in Éirinn (20%) gur chuir rud éigin ar líne isteach orthu le bliain anuas (20%). Sin dhá oiread an chéatadáin (10%) a thuairiscigh leanaí Éireannacha 9-16 bliana d'aois sa suirbhé EU Kids Online in 2011.
- Tá an chibearbhulaíocht níos forleithne anois ná an bhulaíocht duine le duine (13% anois i gcomparáid le 4% in 2011), agus is ar sheirbhísí líonraithe sóisialta (SNS) a dtarlaíonn níos minice ná áiteanna eile.
- Maidir le rioscaí eile, bíonn níos mó ábhar diúltach a ghineann úsáideoirí anois ná mar a bhí in 2011 (suas ó 12% go 16%). Mar sin féin, tá sé seo i bhfad níos ísle ná an meán Eorpach, is é sin le rá 25%.
- Ar an iomlán, ó 2011 tá roinnt rioscaí méadaithe agus tá rioscaí eile laghdaithe. Agus iad ag freagairt do rioscaí i gcoitinne, is mó an seans go labhróidh leanaí Éireannacha le daoine eile faoi eispéiris fhadhbacha ná an meánráta Eorpach. Mar sin féin, ní insíonn thart ar 17% de leanaí Éireannacha d'éinne faoi.
- Mar a tugadh faoi deara cheana féin sa suirbhé EU Kids Online, is í an bhulaíocht an t-eispéireas is díobhálaí i gcónaí: Éilíonn 17% de leanaí (as 22%) a ndearnadh bulaíocht orthu ar líne nó as líne go raibh siad 'go-mór' nó 'beagán' trína chéile (O'Neill & Dinh, 2015).

Maidir le rioscaí ar líne, tá taighde nua a leagann béim ar cé chomh tábhachtach is atá sé go gcaitheann leanaí am ar líne chun foghlaim conas na rioscaí seo a nascleanúint, agus an leas is fearr a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil. Tá sé tábhachtach a choinneáil i gcuimhne freisin nach mbíonn dochar i gcónaí mar thoradh ar riosca (Livingstone, Kardefelt Winther, Saeed, Marium, 2019). D'fhéadfadh nach mbeadh díobháil ag leanaí atá nochtaithe do rioscaí ar líne má tá an t-eolas agus an athléimneacht acu chun déileáil leis an eispéireas (Livingstone, Mascheroni, & Staksrud, 2018).

# CUID 1:

# EOLAS DON MHÚINTEOIR



# EOLAS FAOI CHLÁR OIDEACH -AIS NA LAOCHRA HTML

## SA CHLÁR DO RANG 1 AGUS RANG 2 CUIRTEAR NA DALTAÍ IN AITHNE LEIS AN IDIRLÍON AGUS DÉANTAR SCRÚDÚ AR CONAS AN TIDIRLÍON A ÚSÁID CHUN TABHAIRT FAOIN BHFOGHLAIM, FAOIN GCRUTHAÍOCHT, FAOIN SPRAOI AGUS FAOIN IDIRTHEAGMHÁIL AR LÍNE AR BHEALACH ATÁ SÁBHÁILTE.

Na Laochra HTML: Leis an acmhainn Seo Chugaibh an tIdirlíon, cuirtear aithne ar na Laochra HTML, beirt charachtar eochair USB darb ainm Ruby agus Archie. Tá gach aon cheacht ann bunaithe ar ghearrscéal ar leith faoi na carachtair USB agus iad ag nascleanúint tríd an timpeallacht ar líne agus ag plé le téamaí agus ceisteanna maidir leis an tsábháilteacht ar líne de réir mar a thagann siad chun cinn. Déantar plé ar chuid mhaith de na pointí foghlamtha sna ceachtanna sna gearrscéalta seo. Sna chúig ghearrscéal maisithe seo, foghlaimeoidh na daltaí na bunscileanna chun a bheith sábháilte ar líne, agus ina measc siúd an fáth go bhfuil sé ríthábhachtach gan dearmad a dhéanamh ar STOP, SMAOINIGH, SEICEÁIL agus iad ag déanamh teagmháil ar an domhan digiteach. Tá deiseanna sna cúig cheacht atá san acmhainn chun dul i dteagmháil leis an teicneolaíocht dhigiteach agus aird a tharraingt ar na buntáistí agus na deiseanna a thugann an t-idirlíon dúinn agus ag an am céanna cuirtear scileanna ar fáil do na daltaí chun an domhan digiteach a nascleanúint go sábháilte. I ngach scéal tá rudaí le plé agus gníomhaíochtaí a thacaíonn leis an rang scrúdú breisie a dhéanamh breise ar an ábhar agus le príomhtheachtaireachtaí na sábháilteachta a athreisiú.

### CLÁR NA LAOCHRA HTML RANG 3 AGUS RANG 4

Tá na Laochra HTML le feiceáil inár n-acmhainn oideachais do dhaltaí rang 3 agus 4, Na Laochra HTML: Buneolas ar an Idirlíon. Sa chlár seo, cuirtear buneolas faoin idirlíon ar fáil do na daltaí, déantar scrúdú ann ar phríomhghnéithe an tsaoil ar líne agus tugtar aghaidh freisin ar raon ábhar sábháilteachta idirlín lena n-áirítear an phríobháideacht, an chibearbhulaíocht, agus ar conas an fhaisnéis a mheas ar líne, gan ach cúpla rud a lua. Leis an acmhainn seo, déantar scrúdú ar réimsí nua maidir le húsáid na teicneolaíochta, lena n-áirítear: an t-am ar líne a bhainistiú, ag imirt cluichí ar líne, fógraíocht ar líne agus na meáin shóisialta a úsáid.

Tá trí ghearrthóg bheochana dírithe ar an mbeirt charachtairí USB atá le feiceáil sa chlár do rang 1 agus 2, Ruby agus Archie. Déanann na carachtair seo rapaí tarraingteach faoin tsábháilteacht idirlín chun príomhtheachtaireachtaí na gceachtanna a threisiú.

Is féidir teacht ar an gclár saor in aisce anseo: www.webwise.ie/html-heroes

## NAISC CHURACLAIM

**Tá an acmhainn seo ailínithe le Curaclam SPHE agus spreagann sé cur chuige traschuraclaim a thacaíonn le Curaclam Teanga na Bunscoileanna.**

## CONAS NA LAOCHRA HTML A ÚSÁID CHUN AN CLÁR BÍ SLÁN A THREISIÚ

Is clár éigeantach scileanna sábháilteachta pearsanta do dhaltaí bunscoile é an Clár Fan Slán Sábháilte nach mór é a mhúineadh ag gach leibhéal ranga i gcomhthéacs churaclam an SPHE chun na cuspóirí ábhartha a chlúdach. Caithfidh gach bunscoil an Clár Fan Slán Sábháilte a chur i bhfeidhm go hiomlán mar chuid dá dtimthriall SPHE dhá bhliain.

Feabhsaíonn an Clár Fan Slán Sábháilte na scileanna féinchosanta atá ag na daltaí i raon de chásanna éagsúla agus spreagann sé iad le hinsint do dhuine fásta nuair a bhíonn cásanna díobhálacha ann. Anuas air sin, cuireann an acmhainn seo an tábhacht a bhaineann le straitéisí a fhorbairt chun an chibearbhulaíocht a chosc agus chun aghaidh a thabhairt léi, agus chun fanacht sábháilte agus an domhan ar líne á scrúdú againn freisin.

Le fáil ag: www.staysafe.ie.




Is féidir an Clár seo, na Laochra HTML, a úsáid mar thacaíocht bhreise agus tú i mbun ábhar forordaithe an Chláir Fan Slán Sábháilte a mhúineadh ag leibhéal rang 1 agus 2 agus ag leibhéal rang 3 agus 4. Tá sé mar aidhm ag na cláir na scileanna is gá a thabhairt do dhaltaí chun iad a chur ar a gcumas an mhí-úsáid / íospairt a aithint agus chun cur ina gcoinne, agus múintear dóibh ann chomh maith gur chóir dóibh a insint i gcónaí (le duine fásta a chabhróidh leis) faoi aon chás a mheasann siad gan a bheith sábháilte, nó a chuireann as dóibh, nó atá bagrach, contúirteach nó maslach.



# CUID 2:

# AN RÍOMHSHÁBHÁILTEACHT A MHÚNADH - CUR CHUN SIÚIL



# MOL DO MHÚINTEOIRÍ WEBWISE - webwise.ie/teachers



## IS ÁIT IONTACH Í MOL DO MHÚINTEOIRÍ WEBWISE CHUN FAISNÉIS EOLASACH A FHÁIL ROIMH DUIT TABHAIRT FAOIN SÁBHÁILTEACHT AR LÍNE A MHÚINEADH SA SEOMRA RANGA.

Tá acmhainní oideachais breise le fáil ann mar aon le faisnéis faoi bheartas scoile agus comhairle do mhúinteoirí maidir le conas an teicneolaíocht a thabhairt isteach agus a úsáid sa seomra ranga. Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig: webwise.ie/teachers.

### ÁBHAR SPEISIALTA AR CHEART É A BHEITH CURTHA SAN ÁIREAMH CHUN TUISMITHEOIRÍ/CAOMHNÓIRÍ A THABHAIRT ISTEACH CHUN AN TSÁBHÁILTEACHT IDIRLÍN A PHLÉ

Tá sé léirithe sa taighde gurb iad na tuismitheoirí an príomhfhoinse cúnta nuair a tharlaíonn rud éigin gránna ar líne do na leanaí agus is iad na tuismitheoirí na teagascóirí príomhacha atá ag na leanaí. De réir mar a bhíonn leanaí ag caitheamh níos mó ama ar líne sa bhaile tá sé ríthábhachtach oideachas agus tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí  faoi chun an iompar ceart cóir ar líne a threisiú. Is féidir leis an scoil aird na dtuismitheoirí a tharraingt ar na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh ar **webwise.ie/parents** ach nasc a chur ar shuíomh gréasáin a scoile nó an Webwise Parents 'Guide to a Better Internet a scaipeadh trí chumann na dtuismitheoirí. Chun teacht ar níos mó eolais, féach: webwise.ie/parents.

### CAINEANNA FAOIN TSÁBHÁILTEACHT IDIRLÍN DO THUISMITHEOIRÍ/CAOMHNÓIRÍ

Cuireann Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí na mBunscoileanna oiliúint ar fáil, idir oiliúint ar líne agus duine-le-duine, do thuismitheoirí ar an tsábháilteacht idirlín. Is minic a bhíonn meas ag tuismitheoirí ar cé chomh héasca agus is féidir lena bpáistí an tIdirlíon a úsáid, ach ní bhíonn siad róchinnte faoi cad atá á dhéanamh acu air nó faoi cad é atá siad breathnú air. Tabharfar straitéisí do na tuismitheoirí chun cabhrú lena gcuid leanaí a bheith freagrach, éifeachtach agus níos sábháilte ar an idirlíon. Féachtar ar an gcibearbhulaíocht sa seisiún freisin.

Mar thuismitheoirí, tá sé ríthábhachtach cumarsáid oscailte a bheith agaibh le do leanbh faoina saol ar an idirlíon, díreach mar atá i dtaca le gach gné eile dá saol. Caithfimid labhairt lenár bpáistí faoi na contúirtí a d'fhéadfadh tarlú dóibh ar líne chomh maith leis an iliomad buntáistí a gheobhaidh siad ann. Tá sé tábhachtach rialacha agus teorainneacha a leagan síos maidir leis an tslí a úsáideann leanaí an t-idirlíon chun iad a choinneáil sábháilte ar líne.

Chun tuilleadh eolais a fhail, féách: npc.ie

### SAFER INTERNET DAY

Spreag na daltaí páirt a ghlacadh in Safer Internet Day, a bhíonn ar siúl mí Feabhra gach bliain. Faigh amach níos mó faoi ar: webwise.ie/saferinternetday.

Safer Internet Day

# TACAÍOCHTAÍ BREISE

## OILIÚINT AGUS TACAÍOCHT DO MHÚINTEOIRÍ

**Úsáid a bhaint as dlplanning.ie chun tacú leis an idirghníomhaíocht leis an gCreat um Fhoghlaim Dhigiteach**

D'fhorbair an Roinn Oideachais agus Scileanna Creat na Foghlama Digití (DLF) agus is ionann é sin agus ceann de na príomhthacaí atá beartaithe faoin Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020. Agus Creat na Foghlama Digití á chur i bhfeidhm, tugtar struchtúr do scoileanna agus do mhúinteoirí a ligeann dóibh tabhairt faoi deara cén áit go díreach a bhfuil siad ar an turas chun an teicneolaíocht digiteach a dhaingniú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú, agus éascaítear dóibh leis leanúint ar aghaidh ar an turas sin.

Forbraíodh suíomh gréasáin Pleanála um Chreat na Foghlama Digití chun cabhrú le scoileanna Creat na Foghlama Digití a chur i bhfeidhm. Tá raon acmhainní chun tacú le scoileanna leis an bpróiseas sin le fáil ar an suíomh gréasáin sin, lena n-áirítear físeáin a thaispeánann an cur chuige agus an taithí a bhí ag dhá bhunscoil agus na bearta ina bPleananna Foghlama Digiteacha a chur i bhfeidhm le linn scoilbhliain amháin.

Chun tuilleadh eolais a fhail, féach www.dlplanning.ie/teaching-learning

## AN FHORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH

I measc na n-acmhainní agus na dtacaí breise atá ar fáil, tá cúrsaí ar líne, tacaíocht inscoile agus seimineáir duine-le-duine, chomh maith le ceardlanna leis an PDST agus an NCSE araon.



## CÚRSAÍ AR LÍNE

Cuirtear cúrsaí ar líne PDST Technology in Education ar theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú trí TeacherCPD.ie. I measc na gcúrsaí tá cúrsaí téarma ar líne do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile araon, chomh maith le cúrsaí samhraidh do mhúinteoirí bunscoile (lá EPV ceadaithe, saor in aisce). Féach TeacherCPD.ie, áit a bhfuil an fhaisnéis go léir atá ag teastáil maidir le rochtain lena n-áirítear sceidil cúrsaí, cur síos ar chúrsaí agus faisnéis / naisc clárúcháin.

Chun tuilleadh eolais a fhail, féach https://TeacherCPD.ie

## CÚRSAÍ DUINE-LE-DUINE

Soláthraíonn PDST Technology in Education cúrsaí le linn an téarma agus cúrsaí samhraidh anuas ar dheiseanna forbartha gairmiúla leanúnacha eile chun tacú le comhtháthú teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, san oiliúint agus sa mheasúnú, agus chun cabhrú leis an bpleanáil um an fhoghlaim dhigiteach sa scoil freisin. Cuirtear na cúrsaí duine-le-duine ar fáil trí líonra na nIonad Oideachais. Téigh i dteagmháil leis an Ionad Oideachais i do cheantar féin chun sonraí/áirithintí na gcúrsaí duine-le-duine.

Tugann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) deiseanna forbartha gairmiúla leanúnacha chun tacú le comhtháthú teicneolaíochtaí digiteacha agus seans go mbeadh spéis ar leith ag múinteoirí atá ag obair le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu ann. Is féidir cúrsaí a chur in áirithe ag www.ncse.ie/teacher-professional- learning, nó le haghaidh FGL uile-scoile is féidir iad a chur in áirithe ar Thairseach Tacaíochta NCSE.

## TACAÍOCHT SCOILBHUNAITHE

Is féidir gach scoil iarratas a dhéanamh ar shuíomh gréasáin PDST (www.pdst.ie) chun tacaíocht (lena n-áirítear tacaíocht mharthanach) a fháil ó PDST Digital

## NA LAOCHRA HTML

Comhairleoir Teicneolaíochtaí ar féidir cuairt a thabhairt ar an scoil chun obair leis na múinteoirí ar an láithreán. Cuireann an NCSE Cuairteanna Digiteacha ar fáil do scoileanna speisialta agus tá comhairleoirí ar fáil chun cuairt a thabhairt ar gach uile scoil chun cuidiú le teicneolaíochtaí digiteacha i timpeallachtaí Teagaisc Oideachais Speisialta. Déantar áirithintí trí Thairseach Tacaíochta NCSE.

## BÍ EOLACH FAOI NA MEÁIN

Tagann an chomhairle Stad, Smaoinigh agus Seiceáil atá curtha in iúl i gClár na Laochra HTML Rang 1 agus Rang 2 ón bhfeachtas Bí Eolach Faoi na Meáin le Tuiscint ar na Meáin, Éire. Tá an feachtas Bí Eolach Faoi na Meáin saincheaptha chun cabhrú le daoine tabhairt faoi deara foinsí faisnéise nach bhfuil iontaofa, chomh maith le faisnéis atá bréagach nó míthreorach d'aon ghnó. Cuirfidh sé leis an tuiscint atá ag daoine ar na meáin agus leis an tslí a idirghníomhaíonn siad leo, agus cuirfidh sé ar a gcumas na scileanna chun ábhar a mheas ar gach ardán. Chun níos mó eolais a fháil faoi Bí Eolach Faoi na Meáin, téigh chuig www.bemediasmart.ie.

Bíonn faisnéis le fáil i ngach áit agus uaireanta bíonn sé deacair a mheas cé chomh cruinn nó iontaofa is atá an fhaisnéis atá againn. Chun deimhniú go bhfuil an t-ábhar a bhfuil tú ag breathnú air, ag léamh, nó ag éisteacht leis cruinn agus iontaofa, déan iarracht i gcónaí.

### STAD

Léigh níos mó ná an ceannlíne é féin.

Ná déan talamh slán de go bhfuil an scéal ar fad inste i bpictiúr nó grianghraf.

Más rud é go bhfuil tóir mhór faoi fhaisnéis áirithe, nó go bhfuil sí ag treochtáil, ní ionann sin is a rá go bhfuil sí cruinn beacht mar fhaisnéis.

### SMAOINIGH

Smaoinigh go cúramach ar cad chuige an fhaisnéis.

Ná dearmad go bhfuil tú claonta tú féin.

Féach an bhfuil an fhaisnéis chéanna le fáil in áit ar bith eile.

### SEICEÁIL

Féach go géar ar an seoladh gréasáin.

Faigh amach cé hé an t-údar, an táirgeoir, an foilsitheoir.

Féach ar na mionsonraí chun an cruinneas a sheiceáil.

Cuir ceist ar na saineolaithe faoi, mar shampla suíomhanna seiceála fíricí leithéidí snopes.com agus factcheck.org. Maidir le pictiúir, is féidir leat ais-chuardach a dhéanamh ar íomhánna ag tinyeye.com agus ag images.google.com

# TREORACHA MAIDIR LE CONAS AN ACMHAINN SEO A ÚSÁID

## ROIMH TÚS A CHUR LEIS AN GCLÁR NA LAOCHRA HTML, LÉIGH AN FAISNÉIS DON MHÚINTEOIR A GHABHANN LE GACH CEACHT AR LEITH.

Teastaíonn roinnt oibre ullmhúcháin a dhéanamh roimh gach ceacht. Tá scéal gairid maisithe faoi na Laochra HTML ag gabháil le gach aon cheacht ar féidir é a chur suas an gclár bán nó é a íoslódáil ag webwise.ie/html-heroes.

### AG SEO A LEANAS, CÚPLA CÉIM TÁBHACHTACH A MHOLAIMID IAD A GHLACADH ROIMH DUIT TÚS A CHUR LEIS AN GCLÁR NA LAOCHRA HTML:

### BEARTAIS NA SCOILE

Ba chóir don mhúinteoir féachaint siar ar na beartais scoile atá ábhartha, lena n-áirítear; an Beartas Úsáide Inghlactha, an Beartas Frithbhulaíochta, an Beartas maidir le do Ghléas Féin a Thabhairt Isteach (BYOD), an Ráiteas um Chosaint Leanaí, an Cód Iompraíochta, an Cód RGCS/Príobháideachta srl. Bí ar an eolas faoi na tacaíochtaí go léir atá ar fáil duit agus do na daltaí i do scoil. Tá sé tábhachtach eolas maith a bheith agat faoi bheartais na scoile atá ábhartha.

### NÓSANNA IMEACHTA FRITH-BHULAÍOCHTA

Ceanglaítear ar gach scoil Polasaí Frithbhulaíochta a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm go hoifigiúil a chomhlíonann go hiomlán le riachtanais na Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta. Sula dtosaíonn tú le Clár na Laochra HTML Rang 1 agus Rang 2, féach siar ar Bheartas Frithbhulaíochta na scoile agus cuir na daltaí ar an eolas faoi nósanna imeachta na scoile mar is cuí.



# AG PLÉ GNÍOMHAÍOCHTAÍ AR LÍNE



## LEIDEANNA CHUN AN CLÁR NA LAOCHRA HTML A PHLÉ AGUS A MHÍNIÚ

Beidh Beidh éagsúlacht i gceist leis an tslí agus an méid a ghníomhaíonn na leanaí leis na meáin agus teicneolaíochtaí digiteacha, ag brath ar an dalta ar leith, agus beidh rialacha difriúla i bhfeidhm ag teaghlaigh éagsúla. Mar shampla, beidh níos mó taithí ag leanaí áirithe ar a bheith ag imirt cluichí ar líne nó ar conas gléasanna a úsáid chun féachaint ar fhíseáin ar líne. Sa Chlár na Laochra HTML do Rang 1 Agus Rang 2 cuirtear na daltaí in aithne le conas an t-idirlíon a úsáid chun tabhairt faoin bhfoghlaim, faoin gcruthaíocht, faoin spraoi agus faoin idirtheagmháil, agus ar na deiseanna atá le tairiscint leis na teicneolaíochtaí digiteacha, ag an am céanna.

Tá sé tábhachtach an plé sna ceachtanna seo a bheith dírithe ar ghníomhaíochtaí ar líne i gcoitinne, seachas ar sheirbhísí ar leith atá ar fáil ar líne. Déan iarracht an plé a dhíriú ar na riachtanais a spreagann úsáid idirlín na ndaltaí seachas ar na huirlisí a úsáideann siad iad féin chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Ná dearmad go bhféadfadh cuid de na leanaí sa ghrúpa a bheith díreach ar tí cluichí a imirt ar líne nó spéis a bheith acu i dteachtaireachtaí meán sóisialta agus aipeanna roinnte den chéad uair.

D'fhéadfadh cuid acu a bheith i mbun idirbheartaíocht lena dtuismitheoirí chun cead a fháil chuige sin. Féadfar na rudaí a insíonn tú a bheith inste ag na leanaí sa bhaile sa idirbheartaíocht sin. Sa chomhthéacs seo, is fearr labhairt faoin a bheith ag "imirt cluichí ar líne" seachas "ag imirt Roblox nó Fortnite" a lua.

**MOLTAR DO MHÚINTEOIRÍ AN MÉID TAITHÍ ATÁ AG NA DALTAÍ LE HUIRLISÍ AR LÍNE ÉAGSÚLA A MHEAS AGUS AN ACMHAINN ATÁ CURTA AR FÁIL DÓIBH A LEASÚ DÁ RÉIR SIN.**

Mar shampla, d'fhéadfadh an scoil suirbhé a chur ar na múinteoirí, tuismitheoirí agus / nó na daltaí le fáil amach an imríonn siad cluichí ar líne nó an úsáideann siad aipeanna teachtaireachta. Is féidir le múinteoirí rceachtanna, scéalta agus gníomhaíochtaí ábhartha laistigh den chlár a roghnú chun an freastal is fearr ar riachtanais an ranga de réir an taithí atá acu leis an teicneolaíocht dhigiteach. Tá an acmhainn saincheaptha do dhaltaí rang 1 agus 2; ach, mar sin féin, tá roinnt gníomhaíochtaí laistigh den acmhainn atá níos oiriúnaí do dhaltaí rang 2. Tá béim mhaith curtha ar na gníomhaíochtaí seo sa chlár.

## SRIANTA AOISE AR LÍNE – CÉARD BA CHEART A BHEITH AR EOLAS AGAT FAOI?

**Tá srianta maidir le haois íosta ag gabháil le formhór na n-ardán agus na seirbhísí sna meáin sóisialta; i bhfhormhór na seirbhísí seo, 13 bliana d'aois atá i gceist mar theorainn agus tá cuid acu socraithe ag 16 bliana d'aois (WhatsApp). Dá bhrí sin, níor cheart cuntas meán sóisialta ag leanaí atá faoi 13 bliana d'aois, go hoifigiúil. Mar sin féin, níl córas fíoraithe aoise i bhfeidhm ar fhormhór na n-ardán meán sóisialta, rud a fhágann go bhfuil sé éasca do leanaí clárú orthu**

Faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí nua (GDPR) de chuid an AD, is é an Aois atá socraithe don Toiliú Digiteach 16 bliana d'aois anois. Sin é an aois ar ar féidir le leanaí toiliú dlíthiúil a thabhairt do chuideachtaí / eagraíochtaí a phróiseálann a gcuid sonraí pearsanta nó faisnéise, mar shampla nuair a chláraíonn siad le hardán ar líne nó le cuntas sna meáin shóisialta. Maidir le leanaí faoi bhun 16 bliana d'aois, ní mór dá dtuismitheoirí nó dá gcaomhnóirí toiliú a thabhairt / a údarú thar a gceann.**Chun críocha sonraí a bhailiú, caithfidh déagóirí idir 13 agus 16 bliana d'aois cead a bheith acu óna dtuismitheoirí chun clárú le seirbhísí meán sóisialta.**

Bíonn éagsúlacht i gceist maidir leis na srianta aoise ar chluichí ar líne, cé go bhfuil Rátáil PEGI ag gabháil le formhór na gcluichí ar líne. Is córais iad rátálacha aoise a úsáidtear chun deimhniú go ndéantar ábhar siamsaíochta, mar shampla chluichí, agus scannáin, seónna teilifíse nó aipeanna fóin phóca, a lipéadú go soiléir le moladh aoise íosta bunaithe ar an ábhar atá acu. Bíonn treoir ag gabháil leis na rátálacha aoise seo do thomhaltóirí, go háirithe tuismitheoirí, chun cabhrú leo cinneadh a dhéanamh ar cheart táirge áirithe a cheannach do leanbh nó nach bhfuil.

Níl aon srian aoise ann chun féachaint ar fhíseáin ar YouTube, ach caithfidh an t-úsáideoir a bheith 13 bliana d'aois nó níos sine chun cuntas YouTube dá chuid féin a bheith aige (lena gcuirtear ar do chumas síntiús a chur le cainéil, chun is maith liom a chur le físeáin, tráchtanna a phostáil, a n-ábhar féin a roinnt agus ábhar míchuí a mharcáil).

**Moltar go ndéanfaí maoirseacht ar aon úsáid idirlín a dhéanann leanaí óga agus go n-úsáidtear suíomhanna atá oiriúnach do leanaí.** Molaimid do leanaí fanacht go dtí an aois riachtanach sula dtéann siad isteach le haon seirbhís ar líne. Ba chóir go mbeadh tuismitheoirí ar an eolas faoi na srianta aoise agus go nglacann siad ról tábhachtach chun cabhrú lena leanaí ullmhú le bheith ag gníomhú ar líne freisin. Tugtar tuilleadh faisnéise do thuismitheoirí ar Chlár na Laochra HTML do Rang 1 agus Rang 2.

## AN TEICNEOLAÍOCHT DIGITEACH A DHAINGNIÚ

**Leis an lógó seo, leagfar béim ar dheiseanna atá ann chun an teicneolaíocht dhigiteach a dhaingniú.**

Is féidir le scoileanna a bhfuil rochtain acu ar ghléasanna digiteacha (m.sh. táibléad, ríomhairí glúine, ceamaraí) freagraí scríofa na ndaltaí ar na ghníomhaíochtaí pléite a ghabháil trí úsáid a bhaint as uirlisí agus aipeanna gréasán-bhunaithe (m.sh.Google Docs, Microsoft Word, Mentimeter, Kahoot, Flipgrid srl.). Is féidir leo uirlisí taifeadta guth digiteacha a úsáid freisin (e.g. Vocaroo, Chatterpix, Flipgrid, Anchor, uirlis micreafón ar Seesaw srl.) chun freagraí na ndaltaí a ghabháil ó bhéal. Is féidir uirlisí digiteacha dearaidh chruthaithigh agus grafaigh (m.sh. Adobe Spark Post, Animaker, Canva srl.) a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí ealaíon-bhunaithe, chun póstaeir a dhéanamh, mar shampla. Soláthraíonn uirlisí cruthaithe ábhair dhigiteacha (m.sh. Write Reader, Book Creator, Keynote, Google Slides, Microsoft Powerpoint srl.) deiseanna do na daltaí a gcuid saothar scríbhneoireachta seánra a dhréachtú, a chur in eagar agus a fhoilsiú nó taispeántas a dhéanamh den tuiscint atá acu ar ábhar ar leith a chur i láthair i bhformáid ilmheán. Ní liosta críochnúil atá i gceist leis seo, ach túsphointe chabhrach do mhúinteoirí a úsáideann uirlisí digiteacha sa seomra ranga. Is féidir teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú ar go leor bealaí agus is féidir obair na ndaltaí a shábháil ar a n-ardáin phunann dhigiteacha mar fhianaise ar an méid atá ar eolas acu, agus ar an méid a thuigeann siad agus a ghlacann siad páirt sa rang.

## IDIRDHEALÚ

Leis an lógó seo, leagfar béim ar dheiseanna atá ann chun an teicneolaíocht dhigiteach a dhaingniú.

- Ag brath ar an gcineál riachtanas atá ag an dalta, b'fhéidir go mbeidh gá le ceachtanna tiomnaithe aige roimh gach ceacht chun an teanga a ghabhann leis na hábhair éagsúla a dhíchódú agus a shoiléiriú an oireadh is gur féidir agus féachaint siar ar an stór focal nua atá á thabhairt isteach leo freisin. Tá liosta foclóra de na heochairfhocail atá inmholta curtha ar fáil. Moltar go mbeadh na daltaí ag dul i dtaithí ar na heochairfhocail roinnt mhaith, beidh orthu iad a fheiceáil, a thuiscint agus dul i dteagmháil leo i raon comhthéacsanna agus beidh orthu iad a úsáid agus a athúsáid i gcomhthéacsanna éagsúla freisin. Bheadh an cheardlann Stór Focal PDST áisiúil le haghaidh tuilleadh gníomhaíochtaí um an bhforbairt foclóra. Tá sé ar fáil ar an suíomh gréasáin pdst.ie.

- Maidir le daltaí a mbíonn deacrachtaí acu le freagraí scríofa ar ghníomhaíochtaí a dhéanamh i lámhscribhinn, d'fhéadfaidís áis urlabhra go téacs a úsáid chun a gcuid freagraí a thaifeadadh nó a gcuid freagraí a thaifeadadh ó bhéal le huirlis mhicreafóin. Go minic bíonn uirlisí caint-go-téacs agus uirlisí taifeadta fuaime ar aipeanna agus ar uirlisí ar líne go huathoibríoch.

- Déan iarracht gan brú a chur ar dhaltaí ar leith na gearrscéalta faoi na Laochra HTML a léamh amach os ard. Ina ionad sin, spreag na ndaltaí a rogha féin a dhéanamh agus tabhair tacaíocht do na daltaí i dtaca lena riachtanais trí iarraidh orthu an scéal a léamh amach ina n-aonair, i mbeirteanna, mar chuid de ghrúpa beag nó mar chuid den rang iomlán agus é á léamh amach os ard le chéile.

- Tá fotheidil ar fáil don amhrán faoin gCód Sábháilteachta Ar Líne ionas gur féidir leis na daltaí iad a léamh agus an t-amhrán a chanadh.

## AN GHNÍOMHAÍOCHT IOMLÁNACH

**Uaireanta, tógfaidh sé níos mó ama ná mar atá tugtha le fios chun na gníomhaíochtaí atá inmholta a dhéanamh.** Ná bíodh leisce ort na gníomhaíochtaí a leasú nó gan iad a dhéanamh chun cinntiú go dtugann tú aghaidh ar riachtanais shonracha do ranga.
**Ba cheart go leor ama a chur ar leataobh le haghaidh an faisnéisiú ag deireadh na modúl.** á Gníomhaíocht iomlánach shamplach ar fáil in Aguisín 1 chun deis a thabhairt do na daltaí machnamh a dhéanamh dóibh féin ag deireadh gach modúil. Bain úsáid as uirlisí digiteacha dála Kahoot, Mentimeter nó Classroomscreen.com chun aiseolas na ndaltaí a fháil agus an méid atá foghlamtha acu a athbhreithniú ag deireadh an cheachta.

## SAOTHAIR LUAITE

Alexander J.A.M. van Deursen, Ellen J. Helsper & Rebecca Eynon (2016) Development and validation of the Internet Skills Scale (ISS), Information, Communication & Society,19:6, 804-823, DOI: 10.1080/1369118X.2015.1078834

CyberSafeIreland. (2020). Tuarascáil Bhliantúil 2019-20. Baile Átha Cliath.

ITU (2018). Measuring the Information Society report. An Ghinéiv: ITU. www.itu.int/en/ITU-D/ Statistics/ Documents/publications/misr2018/ MISR-2018-Vol-1-E.pdf

Everri, M., & Park, K. (2018). Children's online behaviours in Irish primary and secondary schools.

Livingstone, S., Mascheroni, G. & Staksrud, E. (2018). European research on children's internet use: Assessing the past and anticipating the future. New Media & Society, 20(3), 1103–22. https://doi.org/10.1177/1461444816685930

Livingstone, Sonia; Kardefelt Winther, Daniel; Saeed, Marium (2019). Global Kids Online Comparative Report, Innocenti Research Report UNICEF Office of Research - Innocenti, Flórans

Milosevic, T, Laffan, D. agus O'Higgins Norman, J. 2020. KiDiCoTi: Kids' Digital Lives in Covid-19 Times: A Comparative Mixed Methods Study on Digital Practices, Safety and Wellbeing Key findings from Ireland. Baile Átha Cliath: ABC, an tIonad Náisiúnta um Thaighde agus Acmhainní Frithbhulaíochta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Fuarthas ar https:// antibullyingcentre.b-cdn.net/wp-content/uploads/2020/08/Short-report_Covid_for- media_TM_with-Author-names-1.pdf

O'Higgins Norman, J. agus McGuire, L. 2016. Cyberbullying in Ireland: A Survey of Parents Internet Usage and Knowledge. Baile Átha Cliath: ABC, an tIonad Náisiúnta um Thaighde agus Acmhainní Frithbhulaíochta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Fuarthas ó https://antibullyingcentre.ie/wp-content/uploads/2017/06/cyberbullying_survey.pdf

O'Neill, B., & Dinh, T. (2015). Net Children Go Mobile: Full findings from Ireland. Baile Átha Cliath.

Fuarthas ó http://arrow.dit.ie/cserrep/55

Smahel, D., Machackova, H., Mascheroni, G., Dedkova, L., Staksrud, E., Ólafsson, K., Livingstone, S., agus Hasebrink, U. (2020). EU Kids Online 2020: Survey results from 19 countries. EU Kids Online. https://doi.org/10.21953/lse.47fdeqj01ofo

# CUID 3:

# NA LAOCHRA HTML: SEO CHUGAIBH AN TIDIRLÍON - EAGRÁN RANG 1 & RANG 2



# CUIR AITHNE AR NA LAOCHRA HTML



## NÓTA DON MHÚINTEOIR:

ROIMH TÚS A CHUR LE CEACHT A HAON, CUIR NA DALTAÍ RIN AITHNE LEIS NA LAOCHRA HTML. TÁ CUID 'CUR IN AITHNE' SA LEABHAR SCÉALTA FAOI NA LAOCHRA HTML. TÁ NÓTAÍ THÍOS FAOI SIN AGUS TÁ SLEAMHNÁIN 'CUIR IN AITHNE' LE FÁIL AG WWW.WEBWISE.IE/HTML-HEROES

### CUIR AITHNE AR NA LAOCHRA HTML

Dlúthchairde is iad an bheirt Laochra HTML, Archie, sa dath glas, agus Ruby, sa dath corcra. Eochracha USB sona sásta is iad, agus síleann siad go bhfuil deireadh gach eolais acu - ach is mór an méid atá le foghlaim acu san fhírinne. Iompraítear na Laochra HTML ina mbeo nuair a théann chuile dhuine amach as an seomra ranga, agus tá siad in ann taisteal tríd an idirlíon. Agus iad gafa ina heachtraí ar líne, téann na Laochra HTML tríd an ngréasán domhanda, áit a bhfaigheann siad amach faoi conas a bheith sábháilte ar líne.

### CÉARD IS EOCHAIR USB ANN?

Gléas beag iniompartha cuimhne atá ann, ar féidir leat é a phlugáil isteach in go leor cineálacha ríomhairí éagsúla. Le heochair USB ligtear duit a bheith in ann faisnéis a stóráil agus a aistriú go héasca idir gléasanna éagsúla.

### CÉARD IS BRÍ LE HTML?

Hypertext markup language sa Bhéarla. Is cineál cóid nó teanga atá ann, a úsáidtear chun láithreáin ghréasáin agus aipeanna a chruthú.

### CONAS A DHÉANANN RUBY AGUS ARCHIE NASC LEIS AN IDIRLÍON?

Úsáideann na Laochra HTML ríomhaire nó gléas cosúil le taibléad chun nasc a dhéanamh leis an idirlíon. Úsáideann na Laochra HTML an t-idirlíon chun iniúchadh, foghlaim agus spraoi a dhéanamh, díreach mar a dhéanann go lár daoine daonna. Sin an fáth a bhfuil a fhios ag na Laochra HTML na leideanna is fearr chun tú a choinneáil slán ar líne.

Tá cúig ghearrscéal sa chlár seo faoi Archie, Ruby agus roinnt cairde nua ón seomra ranga. Úsáidfidh na Laochra HTML an t-eolas atá acu faoin idirlíon chun cabhrú leis na carachtair nua siúd spraoi a bheith acu agus fanacht slán sábháilte nuair atá siad ag fáil amach faoin saol ar líne den chéad uair.

# CEACHT 1

# SEO CHUGAIBH AN TIDIRLÍON


## CUSPÓIR:

Sa cheacht seo, cuirfear tús eolais gairid ar fáil faoin idirlíon agus faoin gcaoi a n-oibríonn sé. Tabharfaidh sé treoir do na daltaí trí na chéad chéimeanna chun rochtain a fháil ar an idirlíon, agus cuirfear ar a n-eolas críocha féideartha an idirlín trí scrúdú a dhéanamh ar conas teicneolaíochtaí digiteacha éagsúla a úsáid. Beidh buneolas ar fáil ann freisin ar phríomhtheachtaireachtaí sábháilteachta agus ar an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach fanacht sábháilte sa saol ar líne agus atá sé sa fíorshaol, as líne. Beidh an tús eolais sin dírithe orthu siúd atá ag gabháil leis an teicneolaíocht dhigiteach den chéad uair, agus leis an idirlíon go háirithe.

## TORTHAÍ FOGHLAMA:

Nuair atá an ceacht seo críochnaithe ag na daltaí, beidh siad in ann:

- Cuid de na rudaí is féidir leat déanamh ar líne a lua.
- Gléasanna gur féidir iad a úsáid chun rochtain a fháil ar an idirlíon a lua.
- Téarmaíocht bhunúsach a bhaineann leis an idirlíon a thuiscint.
- A thuiscint go bhfuil an rogha sábháilteachta don fhíorshaol chomh tábhachtach céanna sa saol ar líne.



## NAISC CHURACLAIM

### CURACLAM SPHE RANG 1 & RANG 2

**Sraith:** Mé agus an domhan mór atá timpeall orm

**Aonad Sraithe:** Teagasc Meáin

**Cuspóir Churaclaim:** Faigh amach faoi na bealaí éagsúla inar féidir faisnéis a chur in iúl do dhaoine eile.

**Gníomhaíocht Bhreise:** Cruthaigh conradh ríomhaire glúine/iPad chun gléasanna a úsáid ar scoil.

## NAISC THRAS-CHURACLAIM:

### AN MHATAMAITIC

**Sraith:** Uimhir

**Aonad Sraithe:** Oibríochtaí

**Cuspóirí:** Churaclaim: Uimhreacha faoi 99 a shuimiú, agus iad a athainmniú agus gan iad athainmniú; uimhreacha faoi 99 a dhealú gan iad athainmniú.

**Gníomhaíocht don Rang:** Oibrigh amach na suimeanna suimiúcháin agus dealaithe agus ansin bain úsáid as an gcód-eochair chun na litreacha cearta comhfhreagracha a líonadh isteach chun teachtaireacht sábháilteachta idirlín Ruby agus Archie a bhriseadh.

## AN TEAGASC SÓISIALTA, COMHSHAOIL AGUS EOLAÍOCH: AN STAIR

**Sraith:** Mé féin agus mo mhuintir-

**Aonad Sraithe:** Nuair a bhí mo sheantuismitheoirí óg

**Cuspóir Churaclaim:** Déan comparáid idir an saol a bhí ag daoine san am atá thart agus saol dhaoine sa lá atá inniu ann, ag tabhairt faoi deara na difríochtaí agus na cosúlachtaí.

**Gníomhaíocht don Rang:** Is éard atá i gceist leis an ngníomhaíocht le Tabhairt a Bhaile sa cheacht seo ná agallaimh a chur ar do sheantuismitheoir nó ar sheanduine eile chun comparáid a dhéanamh idir an saol mar a bhí sé nuair a bhí siadsan óg agus saol an linbh sa lá atá inniu ann.

**Gníomhaíocht Bhreise:** Cruthaigh póstaer / cur i láthair / leabhar digiteach ina mbeidh íomhánna agus téacs chun na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir an saol mar a bhí sé nuair a bhí bhur seantuismitheoirí ag fás aníos agus saol leanaí sa lá atá inniu ann a léiriú, go háirithe an difríocht atá ann mar gheall ar an idirlíon agus an teicneolaíocht dhigiteach.




## CURACLAM TEANGA BUNSCOILE

**Sraith:** An Léitheoireacht

**Gné:** Scrúdú a dhéanamh ar an teanga agus í a úsáid

**Toradh Foghlama 8:** Tionchar agus rún an údair

**L.O.8:** Pléigh téacsanna i raon seánraí éagsúla ó chuid éagsúla den churaclam agus roinn smaointe agus tuairimí fúthu. Déan rún an údair a mheas agus a phlé.

**Gníomhaíocht don Rang:** Iarr ar na daltaí smaointe agus mothúcháin a chur in iúl faoin scéal 'Dolly agus an tIdirlíon', agus cúiseanna a thabhairt lena dtuairimí bunaithe ar an bhfaisnéis atá le fáil sa téacs.

## AG LEANÚINT AR AGHAIDH LEIS AN GCEACHT LEIS NA LAOCHRA HTML: EAGRÁN RANG 3 AGUS RANG 4

Leantar leis na téamaí agus na hábhair maidir leis an tsábháilteacht ar líne sa cheacht seo i gCeacht 1: Seo Chugaibh an tIdirlíon: www. webwise. ie/lessons/welcome-to-the-internet/.

## ACMHAINNÍ ATÁ DE DHÍTH:

- Ríomhaire ceangailte leis an teilgeoir/clár bán
- Bileog Gníomhaíochta 1.1: Ceangail a Dhéanamh
- Bileog Gníomhaíochta 1.2: Scaoilteoir Cóid Sábháilteachta
- Bileog Gníomhaíochta 1.2A: Scaoilteoir Cóid Sábháilteachta (Téacs- Sifear)
- Bileog Webwise Le Tabhairt Abhaile do Thuismitheoirí / Chaomhnóirí 1
- Gearrscéal Laochra HTML: 'Dolly agus an tIdirlíon', ar fáil ag www.webwise.ie/html- heroes

## MODHEOLAÍOCHTAÍ::

Plé, an chomhroinnt-smaointe-i bpéire, an chomhroinnt smaointeoireachta dúbailte i bpéiré, an insint scéalta, an sórtáil, agallaimh a thabhairt, an díchódú

## STÓR FOCAL LÁRNACH:

- **CEANGAIL** - chun gléas a cheangal nó a chur leis an idirlíon ionas go mbeidh sé ceangailte leis an idirlíon agus go mbeidh tú in ann dul ar líne agus féachaint thart ar an idirlíon.
- **GLÉAS** - sa chás seo, táthar ag tagairt do phíosa trealaimh leictreonaigh ar féidir leis ceangal a dhéanamh leis an idirlíon, m.sh. fón cliste, taibléad, ríomhaire, cúntóir fíorúil, srl.
- **HTML** (Hypertext markup language sa Bhéarla) cruthaíonn daoine suíomhanna gréasáin nó feidhmchláir ghréasáin ar a dtugtar 'aipeanna' ag baint úsáide as cód ar a dtugtar teanga marcála hipirtéacs, nó HTML. Is é HTML a léann brabhsálaithe idirlín agus sin an fáth go mbítear in ann suíomhanna gréasáin agus aipeanna ghréasáin a fheiceáil orthu.
- **AN tIDIRLÍN** - líonra nó 'gréasáin' a nascann gach ríomhaire ar fud an domhain le chéile. Tá faisnéis eagraithe ar an idirlíon mar láithreáin ghréasáin nó mar leathanaigh ghréasáin. Tá seoladh idirlín dá chuid féin ag gabháil le gach uile shuíomh gréasáin,agus tosaíonn an-chuid de na seoltaí sin le "www", a sheasann don "World Wide Web" sa Bhéarla.
- **BRABHSÁLAÍ IDIRLÍN** - feidhmchlár bogearraí atá i gceist a ligeann duit breathnú ar láithreáin ghréasáin ar an idirlíon. Cuimsítear leo, gan ach cúpla sampla a lua: Internet Explorer, Microsoft Edge, Google Chrome agus Mozilla Firefox.
- **AS LÍNE** - gan ceangail a bheith agat leis an idirlíon, nuair a dhéantar gléas digiteach a mhúchadh.
- **AR LÍNE** - ceangail a bheith agat leis an idirlíon le gléas digiteach.
- **INNEAL CUARDAIGH** - is éard is inneall cuardaigh ann ná clár a dhéanann cuardach ar innéacs den ngréasán domhanda le haghaidh eochairfhocail, agus fágann sé sin go bhfuil sé i bhfad níos éasca agus níos gasta duit an seoladh nó an suíomh gréasáin atá á lorg agat a aimsiú. Tá Google, Yahoo! agus Bing ar shamplaí díobh, gan ach cúpla cinn a lua. WI-FI - ligeann duit ceangal leis an idirlíon leathanbhanda gan sreanga a úsáid agus is dá réir sin a bhfuil an téarma nasc idirlín 'gan sreang' ann.

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ CEACHTA

## GNÍOMHAÍOCHT 1.1: CEANGAIL A DHÉANAMH

### CÉIM 1.

Cuir tús leis an gceacht 'Seo Chugaibh an tIdirlíon' agus mínigh do na daltaí go mbeidh sibh ag féachaint ar cad é an t-idirlíon agus ar an gcaoi a n-úsáidtear é sa saol laethúil, uaireanta gan a fhios a bheith againn faoi, fiú. Chun tús a chur leis, iarr ar na daltaí tobsmaointeoireacht a dhéanamh ar cad é an t-idirlíon? Spreag na daltaí plé a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn sé, chomh maith le cad is féidir linn úsáid chun rochtain a fháil ar an idirlíon, agus cad chuige is féidir linn an t-idirlíon a úsáid. Glac leis an gcóras smaoinigh-péire-roinnt chun aiseolas a fháil ó na daltaí faoi seo agus breac síos na freagraí atá acu ar an gclár bán.


Mínigh do na daltaí gur **líonra nó 'gréasáin' atá i gceist leis an idirlíon a nascann gach ríomhaire ar fud an domhain le chéile. Tá faisnéis eagraithe ar an idirlíon mar láithreáin ghréasáin nó mar leathanaigh ghréasáin. Tá seoladh idirlín dá chuid féin ag gabháil le gach uile shuíomh gréasáin, agus tosaíonn an-chuid de na seoltaí sin le "www", a sheasann don "World Wide Web" sa Bhéarla. Is féidir le daoine breathnú ar shuíomhanna gréasáin ach brabhsálaí idirlín a úsáid, mar shampla Internet Explorer, Google Chrome nó Mozilla Firefox. Is acmhainn iontach é an t-idirlíon ar féidir é a úsáid chun go leor rudaí éagsúla a dhéanamh**

### CÉIM 2.

Ansin, mínigh do na daltaí go gcaithfidh tú a bheith nasctha leis an idirlíon ar dtúsle bheith in ann é a úsáid. Is féidir leat é seo a dhéanamh le a lán gléasanna éagsúla. Cuir amach Bileog Gníomhaíochta 1.1 agus léigh tríd an mBileog Gníomhaíochta leis na daltaí. Iarr orthu smaoineamh ar na bealaí éagsúla ar fad a ndéanann siad nasc leis an idirlíon sa bhaile chun cabhrú leo an Bileog Gníomhaíochta a fhreagairt.

### CÉIM 3.

Nuair atá Bileog Gníomhaíochta 1.1 líonta isteach ag na daltaí agus tar éis duit na freagraí cearta a phlé leo, fiafraigh de na daltaí ar chuala siad riamh faoin abairt 'ag dul ar líne' nó 'a bheith ar líne' roimhe seo. Mínigh do na daltaí gur minic a thugtar 'dul ar líne' nó 'a bheith ar líne' nuair a úsáidimid an t-idirlíon. **Is éard atá i gceist le bheith ar líne ná go bhfuil ceangail agat leis an idirlíon le gléas digiteach. Is féidir a rá go bhfuiltear as líne nuair nach bhfuiltear ar líne nó nuair nach bhfuil ceangail déanta leis an idirlíon. Mar shampla, nuair a úsáidtear fón póca chun glaoch ar dhuine. Mínigh do na daltaí nach gá sreanga a bheith ag teastáil chun ceangal leis an idirlíon i gcás fhormhór na gléasanna atá ann. Is féidir nasc a dhéanamh leo trí úsáid a bhaint as an 'Wi-Fi', is é sin le rá nasc idirlín gan sreang.**



Ansin, bain úsáid as an liosta d'earraí ceangailte i mBileog Gníomhaíochta 1.1 chun plé a dhéanamh leis na daltaí ar; conas is féidir leis an idirlíon cabhrú linn inár saol? Cuir na daltaí ina mbeirteanna agus sann trí mhír dhigiteacha dóibh atá le feiceáil ar Bhileog Gníomhaíochta 1.1, agus déan cinnte go sanntar gach uile mhír d'aon ghrúpa amháin ar a laghad.

Iarr ar na daltaí smaoineamh ar bhealach amháin a bhféadfadh gach ceann de na hítimí atá sannta dóibh cabhrú le daoine/a bheith de bhuntáiste dóibh? Mar shampla, is féidir le huaireadóir cliste an t-am a insint dúinn ach is féidir le daoine é a úsáid freisin chun fanacht sláintiúil, spriocanna aclaíochta a leagan síos agus a rianú cé mhéad céim a shiúil siad an lá sin. Bain úsáid as an smaoineamh-beirteanna-roinnt le haghaidh seo i.e. déanann na comhpháirtithe an tobsmaointeoireacht smaoineamh-beirteanna-roinnt sa ghnáthbhealach agus tar éis tréimhse ama réamhshocraithe, aimsíonn gach péire eile ansin chun freagraí a roinnt leo agus aon smaointe nua atá acu a chur lena liostaí.

## CÉIM 4.


Tar éis aiseolas a fháil ó na daltaí agus plé a bheith déanta agat leo ar an gcaoi ar féidir leis an idirlíon cabhrú linn inár saol, tá sé tábhachtach a mhíniú do na daltaí **nach n-oibreoidh an-chuid de na hítimí atá luaite i mBileog Ghníomhaíochta 1.1 gan fhaisnéis a fháil uainn agus muid ag déanamh síntiús leo, faisnéis pearsanta, mar shampla, chomh maith le do shuíomh agus do stair chuardaigh. Mar gheall air sin tá sé tábhachtach socruithe na n-ítimí seo a sheiceáil le tuismitheoir nó le caomhnóir le bheith cinnte go bhfuil siad socraithe le bheith príobháideach agus nach bhfuil an iomarca faisnéise á roinnt agat gan fios a bheith agat faoi nó faoi cad chuige a bhfuiltear chun í a úsáid.**

# BILEOG GHNÍOMHAÍOCHTA 1.1: CEANGAIL A DHÉANAMH

**Tá sé chomh héasca sin ceangail a dhéanamh leis an idirlíon! Tá a lán rudaí atá le fáil sa bhaile atá ceangailte leis an idirlíon sa lá atá inniu ann. Is minic a thugtar "cliste" ar na hearraí seo mar is féidir leo rochtain láithreach a thabhairt dúinn ar fhaisnéis, idir rudaí a tharla i bhfad ó shin in aimsir ársa agus na scéalta mór is déanaí!**

**Is féidir leat a lán spraoi a bheith agat ann; is féidir leat rudaí a fhoghlaim, a chruthú agus a imirt, ach is é an riail is mó ná gur gcaithfidh tú fanacht slán i gcónaí!**

## AIMSIGH NA HEARRAÍ AG SEO LEANAS AR FÉIDIR LEO NASC A DHÉANAMH LEIS AN IDIRLÍON AGUS CUIR CIORCAL TIMPEALL ORTHU.



# GNÍOMHAÍOCHT 1.2: GEARRSCÉAL LAOCHRA HTML - DOLLY AGUS AN TIDIRLÍON

## CÉIM 1.

Téigh chuig www.webwise.ie/html-heroes agus taispeáin an gearrscéal de chuid na Laochra HTML: ‘Dolly agus an tIdirlíon’ ar an gclár bán, agus léigh amach an scéal ag an am céanna.

## CÉIM 2.

Nuair atá an scéal críochnaithe agaibh, téigh tríd na ceisteanna le plé chun cabhrú leis na daltaí machnamh a dhéanamh ar an gcás maidir leis an tsábháilteacht ar an idirlíon agus na teachtaireachtaí sábháilteachta a ndéantar scrúdú orthu sa scéal.

## CEISTEANNA LE PLÉ:

1. CAD A BHÍ CLOISTE GO MINIC AG DOLLY AN MÚINTEOIR AG RÁ?
2. CAD É AN CUR SÍOS A THUGANN ARCHIE DO DOLLY FAOI CAD ATÁ I GCEIST LEIS AN IDIRLÍON?
3. CONAS ATÁ AN RÍOMHAIRE GLÚINE CEANGAILTE LEIS AN IDIRLÍON?
4. CÉARD É A DHÉANTAR LE HINNEALTÓIR CUARDACH, DE RÉIR MAR A MHÍNIGH ARCHIE?
5. CÉARD A FUAIR DOLLY AMACH NUAIR A CHUARDAIGH SÍ FAISNÉIS AR AN IDIRLÍON?
6. CONAS A D’AIRIGH DOLLY INTI FÉIN AG DEIREADH AN SCÉIL?
7. CÉARD BA CHEART DÉANAMH I GCÓNAÍ ROIMH DUIT DUL AR AN IDIRLÍON?



# GNÍOMHAÍOCHT 1.3: SCAOILTEOIR CÓID SÁBHÁILTEACHTA

## CÉIM 1.

Taispeáin Bileog Ghníomhaíochta 1.2 do na ndaltaí ar chlár bán an ranga agus mínigh díobh go gcaithfidh siad na suimeanna suimithe agus dealaithe a oibriú amach chun an barrleid shábháilteachta ar líne de chuid na Laochra HTML don cheacht seo a réiteach

### BILEOG GNÍOMHAÍOCHTA MHALARTHACH DO DALTAÍ:

Tá gníomhaíocht dhíchódaithe mhalartach ann chomh maith, nach bhfuil gá ann leis an suimiú agus an dealú a dhéanamh, i mBileog Ghníomhaíochta 1.2A. Gníomhaíocht sifear-téacs atá i gceist ina ndéantar an cód a athrú trí uimhir an líne agus uimhir an fhocail chomhfhreagraigh a aimsiú sa ghearrscéal faoi na Laochra HTML: 'Dolly agus an tIdirlíon' Tabhair faoi deara le do thoil go mbeidh ort an ghníomhaíocht sifear-téacs a dhéanamh amach ag baint úsáide as an leabhar gearrscéalta seachas an cur i láthair Powerpoint. An teachtaireacht chóid sábháilteachta: Tá 'Seiceáil ar dtús i gcónaí roimh duit ceangail a dhéanamh leis an idirlíon' díreach mar an gcéanna sa dá ghníomhaíocht.

## CÉIM 2.

Nuair atá na teachtaireachtaí cóid sábháilteachta réithithe ag na daltaí: Seiceáil i gcónaí sula dhéanann tú ceangail leis an idirlíon, meabhraigh do na daltaí gur cheart

1. **Iarraidh ar thuismitheoir/chaomhnóir/duine fásta iontaofa i gcónaí sula dtéann tú ar líne.**
2. **Fanach ar shuíomhanna gréasáin a bhfuil a fhios agat go bhfuil siad sábháilte agus a ndeachaigh tú chucu cheana féin i gcuideachta le tuismitheoir/caomhnóir/duine fásta iontaofa.**
3. **Inis do thuismitheoir nó do chaomhnóir nó do dhuine fásta iontaofa i gcónaí má cheapann tú go bhfuil aon rud ar líne nach bhfuil i gceart.**



# BILEOG GNÍOMHAÍOCHTA 1.3: SCAOILTEOIR CÓID SÁBHÁILTEACHTA



**Oibrigh amach na fadhbanna suimiúcháin agus dealaithe agus ansin bain ús thíos chun na litreacha cearta a líonadh isteach agus teachtaireacht sábháilteachta idirlín Ruby agus Archie a bhriseadh.**

Bain úsáid as an gcód-eochair thíos chun na litreacha cearta a líonadh isteach.

10-1= 5+2= 5+11= 13-4= 14+10= 12-4=

12+8= 25-2= 9+9= 23-3= 4+7=

7-3= 6+12= 5-2= 4+9= 3-1= 7+11= 12+12= 7+6= 25-4=


17+3= 17-4= 3+3= 4+2= 20-2= 23-3= 7+7=

## CÓD-EOCHAIR

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| A = 9 | E = 18 | I = 25 | M = 10 | Q = 22 | U = 21 | Y = 24 |
| B = 4 | F = 3 | J = 0 | N = 6 | R = 2 | V = 5 | Z = 15 |
| C = 20 | G = 1 | K = 11 | O = 13 | S = 8 | W = 16 | |
| D = 12 | H = 23 | L = 7 | P = 17 | T = 14 | X = 19 | |

**Scríobh teachtaireacht sábháilteachta idirlín Ruby agus Archie sa bhosca thíos nuair atá an cód réitithe agat. Déan cinnte an teachtaireacht a dhathú agus a mhaisiú freisin.**

## TEACHTAIREACHT SÁBHÁILTEACHTA IDIRLÍN RUBY AGUS ARCHIE:




# BILEOG GHNÍOMHAÍOCHTA 1.3A: SCAOILTEOIR CÓID SÁBHÁILTEACHTA (SIFEAR-TÉACS)

**Ag seo thíos sifear-téacs ón ngearrscéal faoi na Laochra HTML: 'Dolly agus an tIdirlíon'. Is ionann an chéad uimhir agus uimhir an leathanaigh sa scéal, is í an dara huimhir uimhir na líne sa scéal agus is í an tríú uimhir an fhocail, mar shampla sa chód 7 - 9 - 4 sa scéal, 'Dolly agus an t-idirlíon', tagraíonn '4' don bhfocal Dolly. Bain triail as an gcód sifear-téacs (leathanach - líne - focal) agus an gearrscéal faoi na Laochra HTML: 'Dolly agus an tIdirlíon' atá sa leabhar scéalta chun na litreacha cearta a líonadh isteach agus teachtaireacht sábháilteachta idirlín Ruby agus Archie a bhriseadh.**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| LEATHANACH: 7 | LEATHANACH:13 | LEATHANACH:10 | LEATHANACH: 9 | LEATHANACH: 7 |
| LÍNE: 4 | LÍNE: 10 | LÍNE: 2 | LÍNE: 7 | LÍNE: 8 |
| FOCAL: 5 | FOCAL: 4 | FOCAL: 2 | FOCAL: 3 | FOCAL: 6 |
| | | | | |

**Scríobh teachtaireacht sábháilteachta idirlín Ruby agus Archie sa bhosca thíos nuair atá an cód réitithe agat. Déan cinnte an teachtaireacht a dhathú agus a mhaisiú freisin.**

## TEACHTAIREACHT SÁBHÁILTEACHTA IDIRLÍN RUBY AGUS ARCHIE:



# GNÍOMHAÍOCHT 1.4:
# MACHNAMH AGUS BILEOG LE TABHAIRT ABHAILE

## CÉIM 1.

Úsáid an teimpléad machnaimh in Aguisín 1 agus iarr ar na daltaí aon rud amháin a d'fhoghlaim siad faoin idirlíon inniu a bhreacadh síos. Iarr ar na daltaí a gcuid freagraí a roinnt agus an sin téigh siar ar na pointí seo a leanas:

- Is acmhainn iontach é an t-idirlíon ar féidir é a úsáid chun go leor rudaí éagsúla a dhéanamh.
- Líonra nó 'gréasáin' atá i gceist leis an idirlíon a nascann gach ríomhaire ar fud an domhain le chéile. Tá faisnéis eagraithe ar an idirlíon mar láithreáin ghréasáin nó mar leathanaigh ghréasáin.
- Tá sé chomh tábhachtach fanacht sábháilte sa saol ar líne agus atá sé sa fíorshaol, as líne.

Agus, an rud deireanach, roimh duit ceangail a dhéanamh leis an idirlíon! Faigh cead sula n-úsáideann tú an t-idirlíon

## CÉIM 2.

Faoi dheireadh, déan Bileog 1 Webwise le Tabhairt Abhaile do Thuismitheoirí / Caomhnóirí a dháileadh agus téigh tríd.Inis do na daltaí go bhfuil Rannóg Tuismitheoirí / Caomhnóirí ann do thuismitheoirí le léamh faoi na rudaí atá foghlamtha acu sa rang agus go bhfuil Cuid do na Daltaí ann atá le líonadh isteach acu mar obair bhaile.Meabhraigh do na daltaí go gcaithfidh a dtuismitheoirí / gcaomhnóirí an bhileog a shíniú nuair atá an ghníomhaíocht críochnaithe acu agus an bhileog léite acu.



Iarr ar na daltaí bealaí éagsúla chun a n-agallaimh a thaifeadadh a mheas. Cuir leis na smaointe atá acu faoi sin.

Seo a leanas roinnt smaointe le cur san áireamh. D'fhéadfadh na daltaí:

- Na pointí faisnéise is suimiúla a sheasann amach ón agallamh a bhreacadh síos, agus iad a scríobh amach nó a chlóscríobh.
- An t-agallamh a thaifeadadh ag úsáid gléas fóin nó táibléid agus an comhad fuaime chuig a uaslódáil ar ardán digiteach na scoile.
- Déan póstaer digiteach simplí nó leabhar digiteach simplí bunaithe ar an agallamh (d'fhéadfadh grianghraif a bheith san áireamh sa saothar digiteach seo freisin a thaispeánann na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir an saol mar a bhí sé nuair a bhí a seantuismitheoirí ag fás aníos agus an saol mar atá sé sa lá atá inniu ann).

Spreag na daltaí chun an difríocht atá curtha ar an saol mar gheall ar an idirlíon agus an teicneolaíocht dhigiteach a chur in iúl.



# BILEOG WEBWISE 1 LE TABHAIRT ABHAILE DO THUISMI-THEOIRÍ / CHAOMHNÓIRÍ

## ACHOIMRE AR AN GCEACHT SEO CHUGAIBH AN TIDIRLÍON

Inniu, d'fhoghlaim do pháiste faoin idirlíon agus faoi cé chomh tábhachtach is atá sé fanacht sábháilte ar líne. Seo cuid de na príomhphointí ó cheacht an lae inniu:

- Líonra nó 'gréasáin' atá i gceist leis an idirlíon a nascann gach ríomhaire ar fud an domhain le chéile. Tá faisnéis eagraithe ar an idirlíon mar láithreáin ghréasáin nó mar leathanaigh ghréasáin.
- Is acmhainn iontach é an t-idirlíon ar féidir é a úsáid chun go leor rudaí éagsúla a dhéanamh.
- Tá sé chomh tábhachtach fanacht sábháilte sa saol ar líne agus atá sé sa fíorshaol, as líne.



## BÍ COMHRÁ AGAIBH FAOI

Seo cúpla chéadchéim tábhachtach chun cabhrú leat a bheith eolasach nuair a théann do leanbh ar líne den chéad uair:

- Tá comhairle maidir le conas do leanbh a chur ar an mbuneolas faoi thaobh na teicneolaíochta ar fáil ar www.webwise.ie/ parents/ the-experts/advice- introducing-technology-child/
- Agus comhairle maidir le conas caint le do leanbh faoin tsábháilteacht ar líne ar fáil ag www.webwise.ie/ parents/ talking-to-your-child-about-online-safety
- Labhair le do leanbh faoin tábhacht atá i gceist leis go
- bhfaigheann siad cead ar dtús roimh dóibh gléas a úsáid chun dul ar líne **eiceáil ar dtús i gcónaí roimh duit ceangail a dhéanamh leis an idirlíon!**

**TÉIGH CHUIG WEBWISE.IE/ PARENTS CHUN TUILLEADH COMHAIRLE, TACAÍOCHT AGUS ACMHAINNÍ A FHÁIL.**

# BILEOG WEBWISE 1 LE TABHAIRT ABHAILE DO THUISMI-THEOIRÍ / CHAOMHNÓIRÍ

# AN CHUID DO NA DALTAÍ

## GNÍOMHAÍOCHT LE TABHAIRT ABHAILE: SAN AM SEO IS SAN AM SIÚD – AGALLAMH

Cuir agallamh ar dhuine de do sheantuismitheoirí nó duine aosta eile i do shaol agus faigh amach faoin saol a bhí ann nuair a bhí siad d’aois. Úsáid an ghníomhaíocht seo chun an saol sa lá atá inniu ann a chur i gcomparáid leis an saol mar a bhí roimh don idirlíon a bheith ann



Is féidir leis na daltaí gearrthóga fuaime a thaifeadadh ar táibléid, fóin nó ceamaraí, in ionad na freagraí a scríobh síos ar pháipéar.





Táim                                  bliain d’aois.

Cén bhliain a bhí ann nuair a bhí tú ar an aois atá agam anois?

Conas a rinne tú teagmháil le cairde nuair nach raibh tú ar scoil?

Cad é an cluiche ab fhearr leat a imirt nuair a bhí tú ar an aois atá agam anois?

Conas a d’amharc tú ar scannán nó ar éist tú leis an gceol?

Conas a tháinig tú ar nuacht an lae?

**AINM AN DALTA:**

**SÍNIÚ TUISMITHEORA/CAOMHNÓRA**

**DÁTA:**

# CEACHT 2

# CUARDACH A DHÉANAMH AR LÍNE

## CAD IS FÉIDIR LIOM IONTAOIBH A BHEITH AGAM ANN AR LÍNE?

### CUSPÓIR::

Tá sé mar aidhm ag an gceacht seo cabhrú leis na daltaí an dea-chleachtas chuardaigh shábháilte a fhoghlaim chomh maith le scileanna smaointeoireachta criticiúla na ndaltaí a fhorbairt trína spreagadh chun na rudaí a fheiceann siad ar an idirlíon a cheistiú. Déanfaidh na daltaí iniúchadh ar fheidhmeanna agus gnéithe láithreán gréasáin agus forbróidh siad straitéisí chun foinsí faisnéise iontaofa ar líne a aithint. Foghlaimeoidh na daltaí cad atá le déanamh má thagann siad ar ábhar gránna / míoiriúnach ar líne freisin.

### TORTHAÍ FOGHLAMA:

Nuair atá an ceacht seo críochnaithe ag na daltaí, beidh siad in ann:

- Sainaithin gnéithe de shuíomh gréasáin / aip a thugann le fios an bhfuil sé slán agus iontaofa nó nach bhfuil.
- A bheith eolach ar conas cuardach sábháilte a dhéanamh ar líne ar ábhar atá oiriúnach dá n-aois féin agus a aithint go bhfuil difríocht ann idir ábhar ar líne do leanaí agus do dhaoine fásta.
- A thabhairt faoi deara nach bhfuil gach rud a fheiceann siad ar an idirlíon fíor, iontaofa nó cruinn.
- Tuiscint a fháil ar cé chomh tábhachtach is atá sé ábhar ar líne a sheiceáil (go háirithe ábhar nua) le duine fásta iontaofa sula bhreathnaíonn siad ar shuíomh gréasáin / físeán nó sula ndéanann siad brabhsáil air.

### NAISC CHURACLAIM

#### CURACLAM SPHE RANG 1 & RANG 2

**Sraith:** Mé féin

**Aonad Sraithe:** An tSábháilteacht agus an Chosaint

**Curriculum Objectives:**

- Cásanna a aithint ina mbraitheann leanaí go bhfuil siad sábháilte agus cásanna ina bhféadfadh an tsábháilteacht a bheith i mbaol, agus na cásanna sin a scrúdú.
- Straitéisí oiriúnacha a phlé agus a chleachtadh chun déileáil leis na cásanna seo.

**Sraith:** Mé féin agus an domhan mór atá timpeall orm.

**Aonad Sraithe:** Teagasc Meáin Cuspóir.

**Churaclaim:**

- Faigh amach faoi na bealaí éagsúla inar féidir faisnéis a chur in iúl do dhaoine eile.
- Cuir tús leis an cumas idirdhealú a dhéanamh idir fíricí agus an ficsean i scéalta nó i gcásanna éagsúla i meáin éagsúla.

## CLÁR FANACHT SLÁN SÁBHÁILTE RANG 1 & RANG 2

Clár scileanna sábháilteachta pearsanta do bhunscoileanna is é an clár Fan Slán Sábháilte. Is acmhainn éigeantach é Fan Slán Sábháilte agus caithfear é a úsáid i gcomhthéacs an churaclam SPHE chun na cuspóirí ábhartha a chlúdach.

Topaic 1. Ag Mothú Sábháilte agus ag Mothú Míshábháilte.

- **Ceacht 2:** Uaireanta braithim sábháilte, uaireanta braithim míshábháilte.
- **Ceacht 3:** Cad atá le déanamh má bhraitheann tú míshábháilte.

## AG LEANÚINT AR AGHAIDH LEIS AN GCEACHT LEIS NA LAOCHRA HTML: EAGRÁN RANG 3 AGUS RANG 4

Leantar leis na téamaí agus na hábhair maidir leis an tsábháilteacht ar líne sa cheacht seo i:

- **Ceacht 2:** Cuardach a dhéanamh ar an Idirlíon, tuilleadh gníomhaíochtaí ceachta anseo: https:// www.webwise.ie/lessons/2-searching- the-internet/
- **Ceacht 3:** Cad is féidir liom iontaoibh a bheith agam ann ar líne?, níos mó gníomhaíochtaí ceachta anseo: https:// www.webwise.ie/lessons/3-what-can-i-trust-online/

## NAISC THRAS-CHURACLAIM:

### CURACLAM TEANGA BUNSCOILE

**Sraith:** An Léitheoireacht

**Gné:** Scrúdú a dhéanamh ar an teanga agus í a úsáid

**Toradh Foghlama 10:** An Líofacht agus an féincheartú

**T.F. 10:** Léigh téacsanna teagaisc agus téacsanna neamhspleácha i raon seánraí ar luas agus tuiscint réasúnta, agus iad féin a cheartú dóibh féin.

**Gníomhaíocht:** don Rang: Cuir an scéal, 'Jimmy an Mhír Mhearaí', in oiriúint do ghníomhaíocht Amharclainne Léitheora. Roinn an rang i ngrúpaí beaga, roghnaigh sleachta cainte do na daltaí agus tabhair am dóibh chun cleachtadh a dhéanamh ar na línte (d'fhéadfadh sé seo a bheith mar chuid den obair bhaile freisin). Iarr ar na grúpaí beaga an scéal a léamh **amach os** ard os comhair an ranga.

## ACMHAINNÍ ATÁ DE DHÍTH:

- Ríomhaire ceangailte leis an teilgeoir/clár bán
- Bileog Gníomhaíochta 2.1: Faisnéis a Fháil Ar Líne - Cártaí
- Bileog Gníomhaíochta 2.3: Cosanta le Glas Fraincín - an bhfuil sé sábháilte?
- Seicliosta 2.4: Barr-Leideanna Ruby & Archie - Conas Cuardach Ar Líne A Dhéanamh Go Sábháilte
- Bileog Webwise Le Tabhairt Abhaile do Thuismitheoirí / Chaomhnóirí 2
- Gearrscéal Laochra HTML: 'Jimmy an Mhír Mhearaí' Le fáil ag: www.webwise.ie/html-heroes

## ODHEOLAÍOCHTAÍ:

Comhrá, scéalaíocht, rangú, obair ghrúpa.

## STÓR FOCAL LÁRNACH:

- **FÓGRAÍOCHT -** (ar a dtugtar fógra freisin) - rud a tharraingíonn aird ar ócáid, táirge nó seirbhís le súil go mbeidh níos mó seans ann go mbeidh daoine ag iarraidh an táirge / an tseirbhís a cheannach nó dul chuig an ócáid.

- **BRÉAGACH -** rud nach bhfuil i ndáiríre mar a shíltear é a bheith ann, nó atá ag ligean air gur rud eile atá ann, rud bréige nó rud nach bhfuil fíor.

- **EOCHAIRFHOCAIL -** focail atá lárnach nó tábhachtach chun brí shonrach focal nó abairt a thuiscint. Sa chás seo, is éard atá i gceist ná na focail is tábhachtaí chun cabhrú leat na rudaí atá á lorg agat a aimsiú ar líne.

- **GLAS FRAINCÍN -** sa chás seo táimid ag tagairt don deilbhín glas de ghlas fraincín a bhíonn ag tosach an tseolta ghréasáin. Taispeánann sé go bhfuil an suíomh gréasáin slán agus go bhfuil aon fhaisnéis a chuireann tú ar fáil don láithreán seo faoi chosaint.

- **PREAB-BHOSCA -** is éard is preab-bhosca ann ná fuinneog bheag a bhíonn le feiceáil ar do scáileán, fiú nuair nach bhfuil aon rud déanta agat chun é a chur ann. Uaireanta bíonn preab-bhoscaí le feiceáil mar gheall ar go an suíomh gréasáin ag cur in iúl duit faoina bpolasaí príobháideachta nó toisc gur mian leo tú a chur ar liosta seoltaí. Ach fógraí atá i gceist le roinnt preab-bhoscaí, de ghnáth bíonn siad ag iarraidh ort rud a cheannach nó féachaint ar rud éigin gránna agus déanann cuid acu iarracht víreas a chur ar do ríomhaire. Má tá preab-bhosca le feiceáil ar do scáileán agus tú ag brabhsáil ar shuíomh gréasáin nach bhfuil tú lánchinnte faoi, dún síos é, ach chliceáil ar an gcnaipe X agus cuir duine fásta ar an eolas faoi a luaithe is féidir.

- **RÁTÁIL -** bealach chun rudaí a rangú / a chur in ord ar scála. Mar shampla, bheadh rátáil aoise ag gabháil le cluiche nó seó teilifíse chun cinneadh a dhéanamh cad é an lucht féachana oiriúnach dó.

- **DAINGNIÚ -** rud éigin a réiteach le bheith sábháilte, m.sh, do chuid faisnéise pearsanta.

- **IONTAOBHACH -** rud ar féidir leat talamh slán a dhéanamh de go bhfuil sé fíor.



# GNÍOMHAÍOCHTAÍ CEACHTA

## GNÍOMHAÍOCHT 2.1: FAISNÉIS A FHÁIL AR LÍNE

### CÉIM 1.

Iarr ar dhaltaí smaoineamh ar an gcineál faisnéise is féidir linn a fháil ar an idirlíon. Iarr orthu a gcuid smaointe a roinnt le chéile ina mbeirteanna. Ghríosaigh na daltaí freagraí a thabhairt agus déan taifead díobh ar an gclár bán. Leag béim é gur uirlis iontach é an t-idirlíon gur féidir linn é a úsáid chun faisnéis a chuardach chun cabhrú leis an obair scoile, chun foghlaim faoi rud éigin a bhfuil suim againn ann nó chun an nuacht nó réamhaisnéis na haimsire a sheiceáil. Cuir in iúl do na daltaí go bhfoghlaimeoidh siad níos mó faoin gcaoi a bhfaighimid faisnéis agus rudaí a bhfuil spéis acu iontu ar an idirlíon i gceacht an lae inniu.

### CÉIM 2.

Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr nó ceathrar agus tabhair tacar cártaí ó Bhileog Gníomhaíochta 2.1 do gach grúpa. Mínigh do na daltaí go léiríonn gach cárta bealach chun faisnéis a fháil faoi rud éigin. Ar dtús, iarr ar na daltaí na cártaí a shocrú in ord de réir cé chomh tapa is atá sé faisnéis faoi ábhar a fháil chomh mall, ag tosú leis an mbealach is tapa. Is féidir leis na daltaí a gcártaí a chur amach i líne dhíreach nó iad a chur i sraitheanna. 1 nóiméad amháin ba cheart a chur ar leataobh chuige sin. Iarr ar gach grúpa an cárta a roghnaigh siad a chur suas mar an ceann is tapaidh agus faigh aiseolas uathu ar conas a rinne siad na cártaí a rangú ón gceann is tapaidh go dtí an ceann is moille, agus cén fáth.

### CÉIM 3.

Ansin, iarr ar na daltaí na cártaí a ullmhú san ord a gceapann siad a thabharfaidh an méid is mó faisnéise ar fáil dúinn ó na foinsí faisnéise éagsúla. 1 nóiméad amháin ba cheart a chur ar leataobh chuige sin. Iarr ar gach grúpa an cárta a mheasann siad go gcuireann sé an méid is mó faisnéise ar fáil suas in airde, agus faigh aiseolas uathu an gcaoi a rinne siad na cártaí a rangú ón méid is mó faisnéise go dtí an méid is lú faisnéise a bhí ar fáil iontu.

### CÉIM 4.


Iarr ar na daltaí machnamh a dhéanamh ar céard is faisnéis iontaofa. Spreag iad a dtuairimí a nochtadh. Mínigh go gciallaíonn sé gur féidir leat muinín a bheith agat as an bhfaisnéis go bhfuil fíricí i gceist seachas rudaí bréagacha nó bréaga a insint duit. Is fíor agus iontaofa an fhaisnéis. Iarr ar na daltaí cén fáth go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh foinsí faisnéise iontaofa. Iarr orthu an bhfuil siad ag iarraidh aon nod a fháil uait, mar shampla, dá mbeadh suíomh gréasáin ag soláthar faisnéise bréagacha duit, d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis leat creidiúint go bhfuil rud éigin fíor nuair nach bhfuil sé agus, dá bharr sin, d'fhéadfá drochchinneadh a dhéanamh rud éigin a dhéanamh nó rud éigin a cheannach ar líne. Mínigh do na daltaí nach mbíonn rud fíor mar gheall ar go bhfuil sé luaite ar an idirlíon - is féidir faisnéis bhréagach a bheith i roinnt suíomhanna gréasáin, an bhréagnuacht, cuir i gcás, a bhféadfá a cheapadh go bhfuil rud éigin fíor nuair nach bhfuil sé mar gheall air.

**Cuir ina luí go bhfuil sé tábhachtach go bhfuil an fhoinse a úsáideann tú chun faisnéis a fháil faoi rud iontaofa agus gur féidir brath air ionas go mbeidh na fíricí go léir faoi ábhar ar leith agat le go mbeidh tú in ann an cinneadh ceart a dhéanamh ina dtaca.**

Ansin, iarr ar na daltaí na cártaí a chur in ord de réir an fhoinse a thabharfaidh an fhaisnéis is iontaofa duit. 1 nóiméad amháin ba cheart a chur ar leataobh chuige sin. Arís, iarr ar gach grúpa an cárta a roghnaigh siad mar an duine is iontaofa a chur suas in airde agus faigh aiseolas uathu faoin gcaoi a rinne siad na cártaí a rangú, ón gceann is iontaofa go dtí na daoine is lú iontaoibh, agus cén fáth. Scrúdaigh na ndaltaí faoina bhfreagraí, agus iarraidh orthu cén chaoi a bhfuil na foinsí faisnéise cosúil le chéile agus éagsúil le chéile.


## CÉIM 5

Ag deireadh, leag béim air den athuair nach bhfuil gach suíomh gréasáin mar an gcéanna; tá cuid acu ina bhfoinsí faisnéise níos iontaofa, níos sábháilte agus níos iontaofa ná cinn eile, cé gur buntáiste mór dúinn an t-idirlíon mar bhealach tapa éasca chun go leor faisnéise a fháil faoi rudaí a bhfuil spéis againn iontu, mar shampla; nuacht, físeáin, ceol, srl. Cuir in iúl do na daltaí go bhfuil rudaí áirithe ar féidir linn breathnú orthu chun cabhrú linn na suíomhanna gréasáin atá slán iontaofa a aimsiú agus na droch-chinn a d'fhéadfadh an fhaisnéis iontu a bheith mícheart a sheachaint. I gceacht an lae inniu féachfaimid ar conas a fháil amach an bhfuil rud éigin atá ar fáil ar líne iontaofa agus oiriúnach dúinn.




# BILEOG GNÍOMHAÍOCHTA 2.1: FAISNÉIS A FHÁIL AR LÍNE - CÁRTAÍ


## MÚINTEOIR




## AN LEABHARLANN




## TÉACSLEABHAR




## FOCLÓIR



## INNEAL CUARDAIGH



## NUACHTÁN



# GNÍOMHAÍOCHT 2.2: GEARRSCÉAL LAOCHRA HTML:

### CÉIM 1.

Téigh chuig www.webwise.ie/html-heroes agus taispeáin an gearrscéal de chuid na Laochra HTML: 'Jimmy an Mhír Mhearaí' ar an gclár bán, agus léigh amach an scéal ag an am céanna.

### CÉIM 2.

Nuair atá an scéal críochnaithe agaibh, téigh tríd na ceisteanna le plé chun cabhrú leis na daltaí machnamh a dhéanamh ar an gcás maidir leis an tsábháilteacht ar an idirlíon agus na teachtaireachtaí sábháilteachta a ndéantar scrúdú orthu sa scéal

## CEISTEANNA LE PLÉ:

1. CÉN NOD ÁISIÚIL AR INIS RUBY DOI JIMMY NUAIR ATÁ TÚ AG LORG FAISNÉISE AR LÍNE?
2. CAD BA CHEART DUIT A DHÉANAMH MÁ FHEICEANN TÚ PREAB-FHÓGRA NUAIR ATÁ TÚ AG ÚSÁID AN IDIRLÍN?
3. CAD IAD NA TRÍ BHEALACH GUR FÉIDIR DHEIMHNIÚ GO BHFUIL SUÍOMH GRÉASÁIN SÁBHÁILTE?
4. AN RAIBH TAITHÍ MHAITH AG JIMMY NUAIR A BHÍ SÉ AR LÍNE, MEAS TÚ? CÉN FÁTH?
5. AN CHEAPANN TÚ GO BHFUIL JIMMY RÉIDH DUL AR LÍNE LEIS FÉIN, AN CHÉAD UAIR EILE? CÉN FÁTH?



# GNÍOMHAÍOCHT 2.3: COSANTA LE GLAS FRAINCÍN: AN BHFUIL SÉ SÁBHÁILTE?

## CÉIM 1.

Mínigh do na daltaí go gcuideoidh an chéad ghníomhaíocht eile seo leo na rudaí ar chóir breathnú orthu a aithint agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil suíomh gréasáin nó aip oiriúnach agus sábháilte dóibh le húsáid. Iarr ar na daltaí cén chaoi a mbeadh a fhios acu go bhfuil suíomh gréasáin sábháilte ar líne? Taispeáin é seo do na daltaí ar an gclár bán trí shuíomh gréasáin slán a thaispeáint dóibh ar líne le gnéithe sábháilteachta mar shampla **ghlas fraincín agus https luaite ag tús seoladh láithreáin ghréasáin.** Ansin, mínigh go gcuidíonn na gnéithe seo déanamh amach an bhfuil suíomh gréasáin sábháilte agus slán ach ag an am céanna ní fhéachann siad ar cad é an t-ábhar atá ar fáil ar an suíomh gréasáin (cad atá ann), agus an bhfuil sé sin sábháilte agus oiriúnach do leanaí. Cuidíonn an glas fraincín linn suíomhanna gréasáin sábháilte a aithint do gach aois ó leanaí go daoine fásta ach tá rudaí eile gur féidir faire amach orthu le bheith in ann a aithint an bhfuil suíomh gréasáin sábháilte agus an bhfuil sé oiriúnach do leanaí, agus féachaimis orthu siúd sa ghníomhaíocht seo.

## CÉIM 2.

Dáil amach Bileog Gníomhaíochta 2.3 do na daltaí agus téigh tríd na treoracha a ghabhann leis an mBileog Gníomhaíochta leo. Tabhair faoi deara gur féidir roinnt leanaí a bheith ag súil le go bhfeicfidh siad glasanna fraincín ar dhathanna éagsúla chun cabhrú leo suíomhanna gréasáin sábháilte a aithint agus iad ag brabhsáil ar an idirlíon. Déan cinnte go soiléiríonn tú nach mbaineann na glasanna fraincín ar dhathanna difriúla ach amháin leis an ngníomhaíocht seo, agus nach bhfuil i gceist leis ach leibhéil éagsúla sábháilteachta a léiriú do shuíomhanna gréasáin cosúil le córas soilse tráchta, ie, cibé an bhfuil suíomh gréasáin: sábháilte do leanaí, d'fhéadfadh go mbeadh rabhadh áirithe ag teastáil uaidh / maoirseacht ó dhuine fásta, nó fiú nach bhfuil sé oiriúnach do leanaí ar chor ar bith.

## CÉIM 3.

Nuair atá Bileog Ghníomhaíochta 2.3 comhlánaithe ag na daltaí, téigh tríd a bhfreagraí ar cibé an raibh cosaint glais fhraincín ar gach suíomh gréasáin agus aip nó nach raibh, agus cén fáth. Cuir i gcuimhne do na daltaí:

1. **Tá an t-idirlíon ollmhór, tá go leor suíomh agus aipeanna éagsúla le fáil air, agus uaireanta d'fhéadfá teacht ar rud nach raibh á iarraidh agat.**
2. **STAD, SMAOINIGH agus SEICEÁIL le tuismitheoir nó le duine fásta iontaofasula gcliceálann tú ar rud nua den chéad uair.**
3. **Is féidir an cnaipe X ag cúinne do scáileáin a chliceáil aon uair ar bith chun fáil réidh le rudaí nach bhfuil tú ag iarraidh iad a fheiceáil.**
4. **Tá sé tábhachtach gan rúin a choinneáil ar líne - Inis do thuismitheoir nó do chaomhnóir i gcónaí má fheiceann tú rud éigin gránna ar líne.**



Mar bhreiseáin le cur leis an ngníomhaíocht seo, d'fhéadfadh na páistí cuardach a dhéanamh ar rud éigin ar leith ar ghléasanna na scoile, má tá siad ar fáil, ag baint úsáide as na treoirlínte cosanta maidir leis an nglas fraincín, fad is atá sé sin ar aon dul le Beartas Úsáide Inghlactha na scoile.

# BILEOG GNÍOMHAÍOCHTA 2.3: COSANTA LE GLAS FRAINCÍN: AN BHFUIL SÉ SÁBHÁILTE?

Féach ar na samplaí thíos de rudaí éagsúla is féidir linn a dhéanamh ar líne. Déan cinneadh faoi cé chomh sábháilte agus atá gach ceann de na suíomhanna gréasáin / aipeanna le húsáid trí dhathú a dhéanamh ar an nglas fraincín a ghabhann leis agus tabhair cúis amháin leis an gcaoi a bhfuil a fhios agat faoi seo i do leabhar nótaí.

Bain triail as an tábla Cosanta le Glas Fraincín: An bhfuil sé sábháilte? thíos agus tú ag déanamh do rogha.

## COSANTA LE GLAS FRAINCÍN: AN BHFUIL SÉ SÁBHÁILTE?

### SEASANN GLAS LE SÁBHÁILTE

Tá an suíomh gréasáin / aip seo sábháilte agus oiriúnach dom é a úsáid.

Baineann sé seo a leanas leistuigimse na focail atá ann.

- níl mórán preabfhógraí / preabchomhráite.
- Tá glas fraincín ag tosach an tseolta ghréasáin.

### SEASANN ORÁISTE LE TAISPEÁIN

Baineann sé seo le suíomh gréasáin / aip bhfuil tú cinnte an bhfuil sé sábháilte duitse nó nach bhfuil.

Ba cheart duit fanacht agus seiceáil le tuismitheoir / duine fásta iontaofa ar dtús sula dtéann tú ar aghaidh.

Seans go bhaineann an méid seo a leanas leis an suíomh gréasáin/aip seo:

- Tá focail ann nach dtuigeann tú.
  iarrtar ar shonraí pearsanta, m.sh. do sheoladh baile, uimhir theileafóin.
- iarrtar ar shonraí bainc nó sonraí cártatá roinnt preab-fhógraí ann.

### SEASANN DEARG LE STAD


Níl an suíomh Gréasáin/aip seo sábháilte duit a úsáid.


Más rud é go bhfuil aon rud a mheasann tú a bheith ceart nó a chuireann as duit, seas siar ón ngléas agus cuir tuismitheoir / duine fásta iontaofa ar an eolas faoi láithreach bonn.

Baineann sé seo a leanas leis:


- gach rud atá liostaithe faoi oráiste.
- pictiúir agus físeáin do dhaoine fásta.
- go leor preabfhógraí nach mór iad a dhúnadh sular féidir leat an suíomh gréasáin a fheiceáil.
- preab-chuirí comhrá ó strainséirí.
- seoladh gréasáin nach bhfuil glas fraincín, nó https, ag an tosach.

CUIR AN DATH A GHABHANN LEIS AN LEIBHÉAL COSANTA GLAIS FRAINCÍN A BHAINEANN LE GACH AON SAMPLA AGUS SCRÍOBH SÍOS AON CÚIS AMHÁIN LEIS AN DATH A ROGHNAIGH TÚ I DO LEABHAR NÓTAÍ. CUIMSÍTEAR LEO, GAN ACH CÚPLA SAMPLA A CUIMSÍTEAR LEO, GAN ACH CÚPLA SAMPLA A










A. Suíomh gréasáin/cluichí oideachais




B. Seirbhís sruthaithe







C. InstaFace (aip meán sóisialta)



D. An Cluiche Roboworld



# GNÍOMHAÍOCHT 2.4: CONAS CUARDACH AR LÍNE A DHÉANAMH GO SÁBHÁILTE

## CÉIM 1.

Léigh trí Seicliosta 2.4: Barr-Leideanna Ruby & Archie do dhaltaí chun cuardach ar líne a dhéanamh go sábháilte Taispeáin na príomhphointí atá liostaithe ar an seicliosta do na daltaí trí do scáileán féin a chaitheamh suas ar an gclár bán.

## CÉIM 2.



Taispeáin an cuardach sábháilte ag baint úsáide as láithreáin ghréasáin iontaofa mar WorldBookOnline.com agus dkfindout. agus leag béim ar na príomhphointí sa seicliosta.



# SEICLIOSTA 2.4: BARR-LEIDEANNA RUBY & ARCHIE - CONAS CUARDACH AR LÍNE A DHÉANAMH GO SÁBHÁILTE

Is féidir an t-idirlíon a úsáid chun an-chuid rudaí éagsúla ar líne. Bain úsáid as na leideanna maithe seo chun an tairbhe is fearr is féidir a bhaint as an méid a chuardaíonn tú ar an idirlíon agus chun na rudaí gránna uile a sheachaint, agus beidh tú ceart go leor.



**Úsáid Eochairfhocail** - is iad eochairfhocail na focail is tábhachtaí don rud atá á chuardach agat. Mar shampla, más mian leat faisnéis a fháil faoin bpláinéad Mars, má chuirtear an focal 'pláinéid' isteach leis sa bhosca cuardaigh tabharfaidh sé torthaí níos fearr ná mura gcuirtear isteach ach amháin an focal 'Mars' é féin.

Bí cúramach focail a **litriú i gceart.**

Fan leis na suíomhanna atá **slán** - bí ag faire amach don **ghlas francach** agus **https** (seasann an 'S' le slán) ag tús sheoladh an láithreáin ghréasáin.

**Seiceáil an rátáil aoise** - tá rátálacha aoise ag gabháil le haipeanna agus le cluichí ar líne ionas go mbeidh a fhios agat an bhfuil sé oiriúnach duit féin nó nach bhfuil.

Bain triail as innill chuardaigh atá oiriúnach do leanaí mar shampla **www.kiddle.co** agus **www.kidrex.org** chun faisnéis a chuardach. Is suíomhanna gréasáin iontacha iad **Worldbookonline.com** agus **dkfindout.com** chun faisnéis a fháil faoi rudaí éagsúla.

Más rud é nach bhfuil tú cinnte an bhfuil rud éigin a aimsíonn tú ar líne bréagach, fíor nó oiriúnach duit féin. **STAD, SMAOINIGH agus SEICEÁIL** le tuismitheoir, le caomhnóir nó le duine fásta iontaofa - beidh a fhios acu cad ba cheart a dhéanamh!

# GNÍOMHAÍOCHT 2.5: AN FÉINMHACHNAMH

## CÉIM 1.

Úsáid an teimpléad machnaimh in Aguisín 1 agus iarr ar na daltaí aon rud amháin a d'fhoghlaim siad faoi cuardach a dhéanamh ar líne inniu a bhreacadh síos. Iarr ar na daltaí a gcuid freagraí a roinnt agus an sin téigh siar ar na pointí seo a leanas.

- Soláthraíonn an t-idirlíon bealach tapa agus éasca dúinn faisnéis a fháil faoi chuile rud, beagnach.
- Níl gach suíomh gréasáin mar an gcéanna; tá cuid acu ina bhfoinsí faisnéise níos iontaofa, níos sábháilte agus níos iontaofa ná cinn eile.
- Agus faisnéis á lorg againn ar líne, ba cheart dúinn:
- Eochairfhocail a úsáid agus na focail a **litriú i gceart**.
- Fanacht leis na suíomhanna atá **slán** - bí ag faire amach don ghlas francach agus https (seasann an 'S' le slán) ag tús sheoladh an láithreáin ghréasáin.
- An rátáil aoise a sheiceáil - tá rátálacha aoise ag gabháil le haipeanna agus le cluichí ar líne ionas go mbeidh a fhios agat an bhfuil sé oiriúnach duit féin nó nach bhfuil.
- Triail a bhaint as innill chuardaigh atá oiriúnach do leanaí.
- **STAD, SMAOINIGH agus SEICEÁIL le tuismitheoir,** le caomhnóir nó le duine fásta iontaofa más rud é an bhfuil rud éigin ar líne fíor, bréagach nó oiriúnach duit féin.

## CÉIM 2.

Faoi dheireadh, déan Bileog 2 Webwise le Tabhairt Abhaile do Thuismitheoirí/Caomhnóirí a dháileadh agus téigh tríd. Inis do na daltaí go bhfuil Rannóg Tuismitheoirí/Caomhnóirí ann do thuismitheoirí le léamh faoi na rudaí atá foghlamtha acu sa rang inniu agus go bhfuil Cuid do na Daltaí ann agus gníomhaíocht ann le tabhairt abhaile atá le líonadh isteach acu mar obair bhaile. Meabhraigh do na daltaí go gcaithfidh a dtuismitheoirí / gcaomhnóirí an bhileog a shíniú nuair atá an ghníomhaíocht críochnaithe acu.



# BILEOG WEBWISE DO THUISMITHEOIRÍ / CHAOMHNÓIRÍ 2 (LEATHANACH 1)

# CUARDACH A DHÉANAMH AR LÍNE: STAD / SMAOINIGH / SEICEÁIL

## ACHOIMRE AR AN GCEACHT

Sa rang inniu d'fhoghlaim do pháiste faoi conas rudaí a chuardach ar an idirlíon go sábháilte agus faoi conas fanacht slán in áiteanna ar líne atá oiriúnach do leanaí. Seo achoimre ar cheacht an lae inniu:

- Níl gach suíomh gréasáin mar an gcéanna; tá cuid acu ina bhfoinsí faisnéise níos iontaofa, níos sábháilte
- Agus níos iontaofa ná cinn eile, cé gur buntáiste mór dúinn an t-idirlíon mar bhealach tapa éasca chun go leor faisnéise a fháil faoi beagnach aon ábhar ar bith.
- Seo roinnt leideanna chun cabhrú linn na suíomhanna gréasáin atá slán iontaofa a aimsiú agus na droch-chinn a d'fhéadfadh an fhaisnéis iontu a bheith mícheart a sheachaint.

Úsáid eochairfhocail agus bí cinnte na focail a litriú i gceart.

Fan leis na suíomhanna atá slán - bí ag faire amach don ghlas francach agus https (seasann an 'S' le slán) ag tús sheoladh an láithreáin ghréasáin.

**Seiceáil an rátáil aoise - tá rátálacha aoise ag gabháil le haipeanna agus le cluichí ar líne ionas go mbeidh a fhios agat an bhfuil sé oiriúnach duit féin nó nach bhfuil.**

Bain triail as innill chuardaigh atá oiriúnach do leanaí mar shampla www.kiddle.co agus www.kidrex.org chun faisnéis a chuardach. Is suíomhanna gréasáin iontacha iad Worldbookonline.com agus dkfindout. com chun faisnéis a fháil faoi rudaí éagsúla.

## TUISMITHEOIRÍ WEBWISE: COMHAIRLE

Cuidigh le do pháiste nascleanúint a dhéanamh go sábháilte ar an idirlíon chun ábhar a thaitníonn leo a aimsiú agus na scileanna a fhorbairt chun na botúin a sheachaint atá leagtha amach ag seo a leanas:

- Conas Google SafeSearch a úsáid do Thuismitheoirí agus do Mhúinteoirí atá le fáilag https://www. webwise. ie/parents/how-to-google-safesearch-for-parents-and-teachers/
- Faisnéis Bhréagach - Comhairle do Thuismitheoirí ar fáil ag https://www.webwise.ie/parents/ false-information-advice-for-parents/
- Táibléid a úsáid den chéad uair - Comhairle do Thuismitheoirí ar fáil ag https://www.webwise.ie/parents/advice-for-first-time-tablet-use/
- Labhair le do leanbh maidir leis an gcomhairle STAD, SMAOINIGH agus SEICEÁIL le tuismitheoir, le caomhnóir nó le duine fásta iontaofa más rud é an bhfuil rud éigin ar líne fíor, bréagach nó oiriúnach duit féin.

**TÉIGH CHUIG WEBWISE.IE/PARENTS CHUN TUILLEADH COMHAIRLE, TACAÍOCHT AGUS ACMHAINNÍ A FHÁIL.**

# BILEOG WEBWISE DO THUISMITHEOIRÍ / CHAOMHNÓIRÍ 2 (LEATHANACH 2)

## BÍ EOLACH FAOI NA MEÁIN

Is ón bhfeachtas Bí Eolach Faoi na Meáin le Tuiscint ar na Meáin, Éire, a thagann an chomhairle sa cheacht seo STAD, SMAOINIGH agus SEICEÁIL agus cuirfidh sé leis an tuiscint atá ag daoine ar na meáin agus leis an tslí a idirghníomhaíonn siad leo, agus cuirfidh sé ar a gcumas na scileanna chun ábhar a mheas ar gach ardán. Chun níos mó eolais a fháil faoi Bí Eolach Faoi na Meáin, téigh chuig www.bemediasmart.ie.Bíonn faisnéis le fáil i ngach áit agus uaireanta bíonn sé deacair a mheas cé chomh cruinn nó iontaofa is atá an fhaisnéis atá againn. Chun deimhniú go bhfuil an t-ábhar a bhfuil tú ag breathnú air, ag léamh, nó ag éisteacht leis cruinn agus iontaofa, déan iarracht i gcónaí:

### STOP

Léigh níos mó ná an ceannlíne é féin.

Ná déan talamh slán de go bhfuil an scéal ar fad inste i bpictiúr nó grianghraf.

Más rud é go bhfuil tóir mhór faoi fhaisnéis áirithe, nó go bhfuil sí ag treochtáil, ní ionann sin is a rá go bhfuil sí cruinn beacht mar fhaisnéis.

### SMAOINIGH

Smaoinigh go cúramach ar cad chuige an fhaisnéis.

Ná dearmad go bhfuil tú claonta tú féin.

Féach an bhfuil an fhaisnéis chéanna le fáil in áit ar bith eile.

### SEICEÁIL

Féach go géar ar an seoladh gréasáin.

Faigh amach cé hé an t-údar, an táirgeoir, an foilsitheoir.

Féach ar na mionsonraí chun an cruinneas a sheiceáil.

Cuir ceist ar na saineolaithe faoi, mar shampla suíomhanna seiceála fíricí leithéidí snopes.com agus factcheck.org. Maidir le pictiúir, is féidir leat ais-chuardach a dhéanamh ar íomhánna ag tinyeye.com agus ag images.google.com


# AN CHUID DO NA DALTAÍ

# GNÍOMHAÍOCHT DO NA PÁISTÍ LE TABHAIRT ABHAIL: STAD, SMAOINIGH, SEICEÁIL

1. Ná dearmad riamh ar STAD, SMAOINIGH agus SEICEÁIL le tuismitheoir nó le duine fásta iontaofasula gcliceálann tú ar rud nua den chéad uair.
2. Tá go leor faisnéise le fáil ar an idirlíon, uaireanta d'fhéadfá teacht ar rud nach raibh á iarraidh agat. Cliceáil an cnaipe X ag cúinne do scáileáin chun fáil réidh le rudaí nach bhfuil tú ag iarraidh iad a fheiceáil.
3. Tá sé tábhachtach gan rúin a choinneáil ar líne - inis do thuismitheoir nó do chaomhnóir i gcónaí má fheiceann tú rud éigin gránna ar líne.

## FAN SÁBHÁILTE – INIS 5

Ná dearmad fanacht sábháilte agus inis do dhaoine eile faoi aon fhadhb atá agat, agus coinnigh ort ag insint na fadhbanna sin go dtí go bhfaigheann tú cabhair. Sa lámh thíos, breac síos ainmneacha 5 duine fásta iontaofa a d'fhéadfá iad a chur ar an eolas má fheiceann tú rud éigin gránna ar líne.



## GNÍOMHAÍOCHT LE TABHAIRT ABHAILE: COSAINT LE GLAS FRAINCÍN SA BHAILE

Ná dearmad riamh ar STAD, SMAOINIGH agus SEICEÁIL sula gcliceálann tú ar rud nua den chéad uair.



## COSANTA LE GLAS FRAINCÍN: AN BHFUIL SÉ SÁBHÁILTE?

### SEASANN GLAS LE SÁBHÁILTE

Tá an suíomh gréasáin / aip seo sábháilte agus oiriúnach dom é a úsáid.

Baineann sé seo a leanas leis:
- tuigimse na focail atá ann.
- níl mórán preabfhógraí / preabchomhráite.
- Tá glas fraincín ag tosach an tseolta ghréasáin.

### SEASANN ORÁISTE LE TAISPEÁIN

Baineann sé seo le suíomh gréasáin / aip bhfuil tú cinnte an bhfuil sé sábháilte duitse nó nach bhfuil.

Ba cheart duit fanacht agus seiceáil le tuismitheoir / duine fásta iontaofa ar dtús sula dtéann tú ar aghaidh.

Seans go bhaineann an méid seo a leanas leis an suíomh gréasáin/aip seo:
- tá focail ann nach dtuigeann tú.
- iarrtar ar shonraí pearsanta, m.sh. do sheoladh baile, uimhir theileafóin.
- iarrtar ar shonraí bainc nó sonraí cárta.
- tá roinnt preab-fhógraí ann.

### SEASANN DEARGLE STAD

Níl an suíomh Gréasáin/aip seo sábháilte duit a úsáid.

Má fheiceann tú rud ar bith ar shuíomh gréasáin nó ar aip a bhfuil rud mícheart faoi nó a chuireann as tú, seas siar agus cuir tuismitheoir/ duine fásta iontaofa faoi láithreach.

Baineann sé seo a leanas leis:
- gach rud atá liostaithe faoi oráiste.
- pictiúir agus físeáin do dhaoine fásta.
- go leor preabfhógraí nach mór iad a dhúnadh sular féidir leat an suíomh gréasáin a fheiceáil.
- preab-chuirí comhrá ó strainséirí.
- seoladh gréasáin nach bhfuil glas fraincín, nó https, ag an tosach.



## TARRAING PICTIÚR DE RUD A DTAITHNÍONN LEAT É A DHÉANAMH/ IMIRT/ FÉACHAINT AIR AR LÍNE:



Úsáid an íomhá le haghaidh Cosanta le Glas Fraincín: An bhfuil sé Sábháilte? chun an glas fraincín a dhathú sa bhealach is fearr, dar leat, chun cur in iúl cé chomh sábháilte agus atá an suíomh gréasáin / aip seo.

Tabhair cúis amháin gur roghnaigh tú an leibhéal cosanta glas fraincín sin.

## AINM AN DALTA:

## SÍNIÚ TUISMITHEORA/CAOMHNÓRA:

## DÁTA:

# CEACHT 3



# AG SPRAOI AGUS AG FOGHLAIM AR LÍNE

## CUSPÓIR:

Beidh deiseanna breise ar fáil sa cheacht seo do na daltaí foghlaim faoi na buntáistí a bhaineann leis an idirlíon. Léireofar ann an tslí is féidir an t-idirlíon a úsáid chun foghlaim, chun rudaí a chruthú agus chun spraoi freisin. Déanfaidh na daltaí scrúdú ar ghníomhaíochtaí éagsúla ar líne; ag úsáid an idirlín chun pictiúir a tharraingt, chun féachaint ar fhíseáin, chun foghlaim, chun fadhbanna a réiteach agus chun spraoi. Tabharfaidh an ceacht gnéithe tráchtála den idirlíon do dhaltaí freisin agus gheobhaidh siad tuiscint nach bhfuil gach rud ar an idirlíon saor in aisce. Meabhrófar dóibh freisin an tábhacht atá i gceist cead a iarraidh sula dtéann siad ar líne.

## TORTHAÍ FOGHLAMA:

Nuair atá an ceacht seo críochnaithe ag na daltaí, beidh siad in ann:

- Liostaigh cuid de na bealaí is féidir leat foghlaim agus cluichí a imirt ar líne agus na buntáistí a bhaineann leo.
- Sainaithin cineálacha éagsúla cluichí atá ar fáil le himirt ar líne lena n-áirítear cluichí oideachasúla, cluichí in-íoslódáilte aon-imreoir agus cluichí físeáin il-imreora ar líne.
- Sainaithin cásanna ina bhféadfadh a sábháilteacht a bheith curtha i mbaol agus iad ag imirt cluichí ar líne e.g., ag imirt cluichí nach bhfuil oiriúnach, nó a bhfuil ceannacháin in-aip ag gabháil leo.
- Pléigh conas fanacht slán sábháilte nuair atáthar imirt cluichí ar líne lena n-áirítear an tábhacht duine fásta iontaofa a chur ar an eolas faoi rudaí, fiú nuair a airíonn tú amhail is go ndearna tú rud éigin mícheart.

## NAISC CHURACLAIM

### CURACLAM SPHE RANG 1 & RANG 2

**Sraith: Mé féin**

**Aonad Sraithe: An tSábháilteacht agus an Chosaint**

**An tsábháilteacht phearsanta**

**Cuspóirí Churaclaim:**

- Aithnigh áiteanna a bhfuil sé sábháilte a bheith ag imirt cluichí agus bí tuiscint agat ar a thábhachtaí is atá sé iompar freagrach agus cothrom a ghlacadh agus tú ag imirt
- Straitéisí oiriúnacha a phlé agus a chleachtadh chun déileáil leis na cásanna seo
- Cásanna a aithint ina mbraitheann leanaí go bhfuil siad sábháilte agus cásanna ina bhféadfadh an tsábháilteacht a bheith i mbaol, agus na cásanna sin a scrúdú

**Gníomhaíocht Bhreise don Rang:**

- Cruthaigh meabhairmhapa chun breacadh amach conas fanacht sábháilte ar líne.
- Cruthaigh sárlaoch cibearshlándála agus cuir an sárlaoch sin ina bheo trí bheochan nó trí théacs, fotheidil, boilgeoga cainte agus íomhánna i leabhar grinn. Tá go leor aipeanna cruthaithe ábhair ann a d'fhéadfaí a úsáid sa ghníomhaíocht seo. Tá ChatterPix agus Book Creator ar dhá shampla atá oiriúnach don aois.

## CLÁR FANACHT SLÁN SÁBHÁILTE RANG 1 & RANG 2

Clár scileanna sábháilteachta pearsanta do bhunscoileanna is é an clár Fan Slán Sábháilte. Is acmhainn éigeantach é Fan Slán Sábháilte agus caithfear é a úsáid i gcomhthéacs an churaclam SPHE chun na cuspóirí ábhartha a chlúdach. Is féidir an Clár seo, na Laochra HTML, a úsáid mar thacaíocht bhreise agus tú i mbun ábhar forordaithe an Chláir Fan Slán Sábháilte a mhúineadh.

Topaic 1. Ag Mothú Sábháilte agus ag Mothú Míshábháilte Topaic 4. Rúin agus Iad a Nochtadh

## NAISC THRAS-CHURACLAIM:

## NA HAMHARC-EALAÍONA

**Sraith:** An Fhabraic agus an Snáithín

**Aonad Sraithe:** Ag Cruthú Ábhar leis an bhFabraic agus an Snáithín

**Cuspóir Churaclaim:** Éadaí a dhearadh

**Gníomhaíocht don Rang:** Iarr ar na daltaí smaoineamh ar an gcluiche nó an ghníomhaíocht ar líne is fearr leo agus carachtar agus cúlra a shamhlú in aon radharc amháin. Iarr orthu smaointe a tharraingt nó a thaifeadadh maidir le héadaí malartacha a dhearadh don charachtar sa radharc sin. Bain triail as fabraicí éagsúla a úsáid chun éadaí nua a dhéanamh as an nua.




## CURACLAM TEANGA BUNSCOILE

**Sraith:** An Léitheoireacht

**Gné:** An Tuiscint

**Toradh Foghlama 6:** Stór focal

**T.F. 6:** An stór focal cuí a fhoghlaim chun tacú le tuiscint téacs a scaipeann an múinteoir nó a léitear dá thoil féin.

**Gníomhaíocht don Rang:** Taispeáin go dtuigeann tú na focail sa stór focal nua a fuarthas trí éisteacht leis an múinteoir agus trí na focail atá in easnamh a líonadh ag baint úsáide as an mbosca stóir focal chun Barr-Leideanna Ruby & Archie Chun Cluichí A Imirt Ar Líne a chomhlánú agus trí phlé a dhéanamh ar an gciall atá acu.

**Sraith:** An Léitheoireacht

**Gné:** An Tuiscint

**Toradh Foghlama 8:** Tionchar agus rún an údair

**L.O.8:** Pléigh téacsanna i raon seánraí éagsúla ó chuid éagsúla den churaclam agus roinn smaointe agus tuairimí fúthu. Smaoinigh ar cad a bhí mar rún ag an údar agus déan é sin a phlé.

**Gníomhaíocht don Rang:** Nocht na smaointe agus mothúcháin atá agat féin faoin scéal 'Is breá le hAndy an tOtharcharr na Caisleáin' tabhair cúiseanna leis na tuairimí sin bunaithe ar an bhfaisnéis atá le fáil sa téacs.

## AG LEANÚINT AR AGHAIDH LEIS AN GCEACHT LEIS NA LAOCHRA HTML: EAGRÁN RANG 3 AGUS RANG 4

Leantar leis na téamaí agus na hábhair maidir leis an tsábháilteacht ar líne sa cheacht seo i gCeacht 5: An Fhaisnéis Fúmsa Ar Líne. Chun teacht ar thuilleadh gníomhaíochtaí ceachta agus ar thuilleadh faisnéise, téigh chuig https://www.webwise.ie/lessons/5-my- information-online/https://www.webwise.ie/lessons/5-my-information-online/

## ACMHAINNÍ ATÁ DE DHÍTH:

- Ríomhaire ceangailte leis an teilgeoir/clár bán
- Liathróid bhog
- Bileog Gníomhaíochta 3.4: Barr-Leideanna Ruby & Archie Chun Cluichí A Imirt Ar Líne
- Bileog Webwise Le Tabhairt Abhaile do Thuismitheoirí / Chaomhnóirí 3
- Gearrscéal Laochra HTML: 'Is breá le hAndy an tOtharcharr na Caisleáin' atá ar fáil at www.webwise.ie/html-heroes
- BBC Learning - What is the internet - físeán ar fáil anseo: https://www.youtube.com/ watch?v=VBKa9Ay8ebs
- Chun teacht ar ghníomhaíocht Web-Quest: https:// www. worldbookonline.com/kids/home#animalsworld

## MODHEOLAÍOCHTAÍ:

Plé, caith an liathróid, scéalaíocht, obair ghrúpa, taispeántas múinteora, web-quest

## STÓR FOCAL LÁRNACH:

- **ÍOSLÓDÁIL -** faisnéis nó clár a chóipeáil nó a aistriú ó ríomhaire amháin go ríomhaire eile. Mar shampla, ceol a íoslódáil ón idirlíon ar ríomhaire.

- **CEANNACHÁIN IN-AIP** - ar a dtugtar íoc-le-himirt freisin: Tá go leor cluichí ar líne saor in aisce le híoslódáil. Ach, mar sin féin, is féidir na cluichí sin feidhmeanna breise a thairiscint, a luaithe is atá an cluiche beo, ar féidir le húsáideoirí iad a cheannach. De ghnáth, déanann úsáideoirí ceannachán in-aip chun rochtain a fháil ar ábhar nó ar ghnéithe speisialta san aip ar nós leibhéil shrianta, airgead fíorúil, carachtair speisialta, treisithe, srl. De ghnáth, is costas i bhfolach atá i gceist leo a ghabhann le haipeanna "saor in aisce". D'fhéadfadh sé a bheith an-éasca d'imreoirí billí a charnadh, de thimpiste, ar na cluichí seo. Chun é sin a sheachaint, ba cheart do thuismitheoirí/ caomhnóirí a chinntiú go bhfuil pasfhocal socraithe acu ar a bhfón / gléas le haghaidh ceannacháin in-aip nó go múchann siad an rogha seo ar an bhfón / gléas; is féidir é seo a dhéanamh de ghnáth laistigh de socrúcháin an aip / an fhóin phóca.

- **FAISNÉIS PHEARSANTA -** ciallaíonn sé seo faisnéis a d'fhéadfaí Í a úsáid chun tú a aithint, mar shampla d'ainm, do sheoladh, d'uimhir theileafóin, d'aois, an chuma atá ort, na rudaí a bhfuil suim agat iontu. Is í an fhaisnéis phearsanta an ghné atá ionainn a sainmhíníonn cé muidne, mar dhaoine ar leith! Toisc go bhfuil an fhaisnéis seo chomh speisialta sin, ba cheart dúinn a bheith cúramach maidir le cé leis a roinnimid í nuair a bhuailimid le daoine ar líne agus as líne araon. Ba chóir comhairle a thabhairt do na daltaí gan é a roinnt gan é a phlé le thuismitheoir nó le caomhnóir roimh ré.

- **RÁTÁIL -** bealach chun rudaí a rangú / a chur in ord ar scála, is do aipeanna agus cluichí a bhfuiltear ag tagairt sa chás seo. Éilíonn an chuid is mó de na seirbhísí, aipeanna, ceoil, scannáin agus cluichí ar líne rátáil aoise a bheith luaite go soiléir ar an gclúdach. Is bealach úsáideach é seo chun a aithint cén lucht féachana agus aoisghrúpa a bhfuil an táirge nó an tseirbhís sábháilte agus oiriúnach dó. San Eoraip, is le haipeanna cluiche a n-úsáidtear an rátáil PEGI den chuid is mó. Chun an rátáil PEGI a chinneadh, is é oiriúnacht aoise an chluiche, seachas an dúshlán atá i gceist leis, a chuirtear san áireamh. Is féidir teacht ar thuilleadh faisnéise faoi na rátála seo anseo: https://pegi.info/what-do-the-labels-mean

**PEGI 3**
oiriúnach do chuile aois.

**PEGI 7**
oiriúnach do pháistí óga.

**PEGI 12**
oiriúnach do pháistí 12 bliain d'aois.

**PEGI 16**
oiriúnach do pháistí 16 bliain d'aois agus níos sine.

**PEGI 18**
oiriúnach do dhaoine fásta amháin.

Treoir Tuismitheora Inmholta bíonn na húsáideoirí ag comhrá,ag roinnt eolais, suímh.

**UAIRISCIGH -** is cnaipe nó gné tuarascála é seo a ligeann duit tuairisciú go díreach chuig modhnóir an chluiche má fheiceann leanaí rialacha á mbriseadh nó droch-ábhar ann ar ba chóir dóibh a dtuismitheoirí / gcaomhnóirí a chur ar an eolas faoi.

Agus mí-úsáid á thuairisciú agat, bí cinnte an comhrá, teachtaireacht phríobháideach, nó chluiche ar leith a sháraíonn na rialacha a thuairisciú go sonrach.

## NÓTA DON MHÚINTEOIR:

Moltar go bhfuil gníomhaíocht 3.4 an cheachta seo ag seo a leanas oiriúnach do rang 2 amháin. Moltar do mhúinteoirí an méid taithí atá ag na daltaí le huirlisí ar líne éagsúla a mheas agus an acmhainn atá curtha ar fáil dóibh a leasú dá réir sin. Mar shampla, d'fhéadfadh an scoil suirbhé a chur ar na múinteoirí, tuismitheoirí agus / nó na daltaí le fáil amach an imríonn siad cluichí ar líne nó an bhfuil cuntais meán sóisialta acu. Má tá líon suntasach do na daltaí ag úsáid an idirlín le haghaidh cluichí ar líne, beidh an ghníomhaíocht seo an-úsáideach go deo. Sa chás nach bhfuil aon leanbh sa rang ag imirt cluichí ar líne, b'fhéidir gur fearr an ghníomhaíocht seo a sheoladh le haoisghrúpa níos sine.



# GNÍOMHAÍOCHTAÍ CEACHTA

## GNÍOMHAÍOCHT 3.1: AG FOGHLAIM AR LÍNE

### CÉIM 1.

Cuir in iúl do na daltaí go mbeimid ag féachaint ar na buntáistí a bhaineann le bheith foghlaim agus ag imirt cluichí ar líne agus conas is féidir linn spraoi a bheith againn agus fanacht sábháilte ag an am céanna agus muid ag foghlaim agus ag imirt cluichí ar líne. Iarr ar na daltaí liosta eochairfhocail / frásaí a scríobh síos a chuimhníonn siad ón gceacht deireanach. I measc na moltaí ar eochairfhocail / frásaí ó cheacht 2 tá: rátáil aoise, innill chuardaigh a thacaíonn le leanaí, eochairfhocail a úsáid, slán, iontaofa, glasáil, Stop, Smaoinigh agus Seiceáil. Iarr ar na daltaí ma rudaí atá scríofa síos acu a roinnt.

Déan é mar ghníomhaíocht bhéil sa chás nach bhfuil dóthain ama agaibh chun na focail/frásaí a scríobh amach nó más rud é go bhfuil an tasc ródhúshlánach mar sin. Cuir i gcuimhne do na daltaí gur fhoghlaimíomar conas is féidir linn an t-idirlíon a úsáid chun cabhrú linn faisnéis a aimsiú agus rudaí a chuardach go sábháilte ar líne sa cheacht roimhe seo, agus mínigh díobh go bhfuiltear chun scrúdú a dhéanamh ar conas is féidir é a úsáid chun rudaí a fhoghlaim sa cheacht seo.

### CÉIM 2.

Iarr ar na daltaí smaoineamh ar an gcaitheamh aimsire is fearr leo agus ansin ransú smaointe a dhéanamh ar na bealaí a bhféadfadh an t-idirlíon cabhrú leo níos mó a fháil amach faoin gcaitheamh aimsire sin. I measc na samplaí a mholtar tá féachaint ar fhíseán a mhíníonn nó a thaispeánann conas rud a dhéanamh mar amhrán a sheinm ar ionstraim, carachtar cartúin a tharraingt, liathróid a phasáil le lámh ag baint úsáide as an teicníc cheart, cuireadh cóisir dhigiteach nó cárta lá breithe a chruthú ag úsáid aip srl.

Mínigh do na daltaí gur uirlis iontach é an t-idirlíon ar féidir linn é a úsáid chun cabhrú linn foghlaim toisc go bhfuil an oiread sin faisnéise ar an idirlíon. D'úsáid a lán daltaí an t-idirlíon chun leanúint ar aghaidh ag foghlaim sa bhaile nuair a dúnadh na scoileanna mar gheall ar Covid 19. Déan tagairt don taithí a bhí ag na daltaí i do rang le linn don scoil a bheith dúnta agus don tslí ar leanadh leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. Mar shampla, chabhraigh an t-idirlíon le múinteoirí coinneáil i dteagmháil le daltaí / tuismitheoirí, tascanna ceachta / obair bhaile a shocrú, ceacht a thaispeáint trí fhíseán, rud a mholadh le léamh nó féachaint air chun níos mó a fhoghlaim faoi ábhar.

Taispeáin do na daltaí dá mbeifeá ag iarraidh níos mó a fhoghlaim faoi rud éigin, mar shampla, d'fhéadfá féachaint ar an bhfíseán what is the internet chun cabhrú le níos mó a fhoghlaim. Déan é sin a léiriú trí chuardach a dhéanamh ar an fhíseán BBC Learning - What is the internet atá ar fáil anseo: ttps://www. youtube.com/ watch?v=VBKa9Ay8ebs agus é a thaispeáint do na daltaí.

## CÉIM 3.

Inis do na daltaí go mbeidh an deis acu, sa chéad tasc eile a mbeifear á dhéanamh, an t-idirlíon a úsáid i mbeirteanna chun foghlaim faoi ainmhí dá rogha féin. Ar dtús, ag baint úsáide as do ríomhaire glúine nó gléas soghluaiste atá ceangailte le teilgeoir an ranga / clár bán idirghníomhach, taispeáin na céimeanna a leanfaidh siad chun faisnéis shábháilte iontaofa a fháil faoi ainmhithe ar líne: téigh chuig worldbookonline.com → Kids → World of Animals (is féidir an nasc seo a leanas a úsáid: www.worldbookonline.com/ kids/ home#animalsworld).

Roghnaigh catagóir, roghnaigh dhá ainmhí chun comparáid a dhéanamh leo, agus cliceáil an rogha, "Déan comparáid Anois!" Féach siar go tapa ar an bhfaisnéis a chuirtear i láthair agus roghnaigh roinnt pointí le díriú orthu: ainm an ainmhí, an áit a gcónaíonn sé, cad is maith leo a ithe agus aon fhíric ghreannmhar amháin fúthu. Mínigh na heochairfhocail de réir mar is gá agus, nuair is féidir, bain úsáid as léarscáil an domhain chun aird a tharraingt ar an áit a gcónaíonn na hainmhithe ar domhan. Chomh luath agus a bhíonn na daltaí soiléir faoin bhfaisnéis a theastaíonn uathu a fháil, déan gairis a dháileadh ar gach péire.

Arís eile, taispeáin na céimeanna a chaithfidh na daltaí a leanúint chun World of Animals a fháil ar worldbookonline.com. Nuair atá tú ar an leathanach seo, iarr ar na daltaí an t-ainmhí is fearr leo a chuardach agus an fhaisnéis seo a leanas a fháil (scríobh na pointí seo ar an gclár bán le haghaidh na daltaí):

1. Ainm an ainmhí
2. An áit a gcónaíonn siad
3. An rud ar mian leo ithe
4. Fíric amháin atá greannmhair fúthu

Tar éis do na daltaí a gcuid freagraí ar na pointí thuas a scríobh i lámhscríbhneoireacht, faigh an fhaisnéis ó bhéal nó iarr orthu a gcuid faisnéise a chlóscríobh ag úsáid uirlis bunaithe ar an ngréasán ionas gur féidir í a bhailiú, a eagrú agus a shábháil in aon áit amháin le go bhfeicfidh gach duine í. Roghnaigh uirlis a bhfuil cur amach ag do dhaltaí air cheana mar Mentimeter nó Padlet. Taispeáin freagraí na ndaltaí ar an gclár bán agus téigh tríothu.



# GNÍOMHAÍOCHT 3.2: GEARRSCÉAL LAOCHRA HTML:

### CÉIM 1.

Téigh chuig www.webwise.ie/html-heroes agus taispeáin an gearrscéal de chuid na Laochra HTML: Is breá le hAndy an tOtharcharr na Caisleáin  ar an gclár bán, agus léigh amach an scéal ag an am céanna.

### CÉIM 2.

Nuair atá an scéal críochnaithe agaibh, téigh tríd na ceisteanna le plé chun cabhrú leis na daltaí machnamh a dhéanamh ar an gcás maidir leis an tsábháilteacht ar an idirlíon agus na teachtaireachtaí sábháilteachta a ndéantar scrúdú orthu sa scéal

## CEISTEANNA LE PLÉ:

1. CAD É AN RUD A RAIBH ANDY OTHARCHARR AG IARRAIDH GO MBEADH AN TIDIRLÍON IN ANN É A CHUIDIÚ É A DHÉANAMH?

2. CÉARD É AN RUD A CHUARDAIGH RUBY AGUS ANDY É AR AN IDIRLÍON, AGUS A D'ÚSÁIDIGH SIAD, CHUN CUIDIÚ LEO CAISLEÁIN A THÓGÁIL?

3. CÉARD É AN RUD AR INIS RUBY LE HANDY A SHEICEÁIL ROIMH DÓ CLUICHE A ÍOSLÓDÁIL.

   (B) CÉN FÁTH A BHFUIL SÉ SIN TÁBHACHTACH?

4. CONAS A BHÍ AN TIDIRLÍON DE CHÚNAMH D'ANDY CHUN FOGHLAIM FAOI CHAISLEÁIN AGUS CHUN SPRAOI A DHÉANAMH LEO?

5. AR ÉIS DÓ AN CLUICHE A IMIRT TAMLL, CÉARD A DÚIRT ANDY GO RAIBH SÉ AG IARRAIDH A DHÉANAMH?

   (B).CÉN FÁTH AR DÚIRT RUBY GUR SMAOINEAMH MAITH A BHÍ ANN?



# GNÍOMHAÍOCHT 3.3: AG IMIRT CLUICHÍ AR LÍNE

## CÉIM 1.

Iarr ar na daltaí seasamh nó suí síos i gciorcail. Mínigh do na daltaí go bhfuil tú chun an liathróid a chaitheamh nó a rolladh chuig dalta agus ansin ceist a chur ar an dalta sin. Ansin, caithfidh an dalta leis an liathróid freagra amháin a thabhairt ar an gceist agus ansin an liathróid a chur ar aghaidh chuig dalta eile. Caithfidh an duine sin an liathróid a ghabháil ina lámha agus freagra a thabhairt ar an gceist chéanna. Má tá dalta ann atá míchompordach ag freagairt, d'fhéadfadh sé nó sí an liathróid a chur ar aghaidh, agus a fhios aige go dtiocfaidh sé ar ais ag deireadh. Is í an cheist don bhabhta seo ná; luaigh cluiche gur maith leat í a imirt chomh maith le rud amháin is maith leat faoi an cluiche sin a imirt? Mínigh go bhféadfá an liathróid bhog a thógáil tráth ar bith chun ceist nua a chur agus babhta nua a thosú.

Chun tús a chur leis an gcéad babhta, fiafraigh an cheist; ainmnigh aon bhuntáiste amháin atá i gceist le cluichí a imirt. Nuair atá an chluiche críochnaithe agus tá na daltaí ina suí ar ais ina suíochán, leag béim air gur féidir leis a bheith taitneamhach agus siamsúil cluichí a imirt; ligeann siad duit do shamhlaíocht a úsáid chun saolta agus carachtair a chruthú as an nua, agus scéalta a insint; spreagann siad tú chun smaoineamh go cruthaitheach agus chun fadhbanna a réiteach; tugtar deis duit leo imirt le daoine eile agus foghlaim conas oibriú le chéile mar mheitheal oibre.



## CÉIM 2.



Ar an gclár bán, taispeáin na céimeanna atá i gceist chun teacht ar an rannán RTE Junior's Play (ar fáil ag rtejr.rte.ie/play/).

Roghnaigh ceann amháin de na cluichí oideachasúla atá ar an suíomh gréasáin (e.g. Maths Superstar nó Spelling Adventure) agus imir an cluiche sin le cabhair ón rang. Má tá rochtain agat ar ghléasanna do na daltaí, cuir in iúl do na daltaí go n-imreoidh siad ceann amháin de na cluichí oideachasúla ar an suíomh gréasáin seo anois. Déan na gléasanna a dháileadh, cuidigh leis na daltaí an suíomh gréasáin a aimsiú, agus lig dóibh cluiche oideachasúil dá rogha féin a imirt.



## CÉIM 3..

Tar éis dóibh an cluiche a imirt ar líne, fiafraigh de na daltaí cad a thaitin leo faoi chluiche a úsáid chun an mata nó an litriú a fhoghlaim agus conas a cheapann siad a d'fhéadfadh cluichí oideachasúla den chineál sin cabhrú leo foghlaim. Ansin, mínigh do na daltaí **go bhfuil go leor cineálacha éagsúla cluichí ar fáil le himirt ar líne lena n-áirítear cluichí oideachasúla, leithéidí na cinn a d'imir siad díreach roimhe seo, a chuidíonn leat rudaí éagsúla a fheabhsú, do chumas sa mhata, cuir i gcás, agus scileanna léitheoireachta, agus roinnt díobh, ligeann siad duit domhan nua a chruthú nó rud éigin a thógáil.**

**Tá cluichí ann freisin atá déanta ar mhaithe leis an siamsaíocht, is féidir go n-áireofaí orthu cluichí agus aipeanna in-íoslódáilte le haghaidh gléasanna ar féidir linn iad a imirt inár n-aonair agus, ar deireadh, tá cluichí ar líne ann inar féidir leat cluichí físeáin a imirt ar líne le daoine eile.** Scríobh na cineálacha / catagóirí éagsúla cluichí seo ar an gclár bán: Cluichí Oideachasúla; Cluichí Cruthaithe Ábhar; Cluichí Siamsaíochta; Cluichí Ar Líne. Fiafraigh de na daltaí an bhfuil siad ar an eolas faoi aon sampla a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do gach ceann de na catagóirí cluichí seo atá ar fáil le himirt ar líne agus le taifeadadh.

## CÉIM 4.

Ag deireadh, cuir i gcuimhne do na daltaí **gur acmhainn iontach é an t-idirlíon a ligeann duit imirt agus foghlaim araon. Is féidir leat saol nua a iniúchadh, a bheith cruthaitheach nó rud éigin nua a fhoghlaim ach nuair a imrímid cluichí ar líne ní féidir linn i gcónaí smacht a bheith againn ar cad a bhíonn ar siúl. Déanann a lán aipeanna agus cluichí airgead trí imreoirí ghríosú chun íoc as an gcluiche, rud a chiallaíonn go gcaithfidh a dtuismitheoirí íoc as an gcluiche chun é a imirt. D'fhéadfaidís cluiche a roghnú nach bhfuil oiriúnach do leanaí, ach do dhéagóirí níos sine, nó do dhaoine fásta fiú.** Díreach mar a tharla sa scéal le hAndy an tOtharcharr agus Ruby, **tá sé tábhachtach go ndéanfaimis cinnte lenár dtuismitheoirí / gcaomhnóirí roimh ré, agus go bhfaighimid cead sula ndéantar cinneadh cluiche a íoslódáil nó a cheannach ar líne.**



# GNÍOMHAÍOCHT 3.4: CLUICHÍ AR LÍNE (RANG 2 AMHÁIN)

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:**
Moltar go bhfuil an ghníomhaíocht ceachta seo a leanas oiriúnach do rang 2 amháin.

## CÉIM 1.

Leag béim ar go gcaithfimid a chinntiú go roghnóimid na cluichí atá oiriúnach agus sábháilte do leanaí le himirt ar líne, díreach mar atá sé le gach rud eile ar an idirlíon cé gur féidir an spraoi a bheith i gceist leo. Mínigh do na daltaí go bhfuil go leor cluichí ar líne ann a bhfuil sé saor in aisce iad a íoslódáil. Ach mar sin féin is féidir leis na cluichí seo feidhmeanna breise a thairiscint agus tú ag imirt an chluiche, rochtain a fháil ar leibhéil níos airde, mar shampla, nó airgead fíorúil, carachtair speisialta, treisithe, srl. Is gnéithe iad sin nach mór duit a íoc astu laistigh den aip agus d'fhéadfadh sé a bheith an-éasca d'imreoirí billí a charnadh sna cluichí seo gan fhios dóibh. Sin é an fáth **go bhfuil sé tábhachtach seiceáil i gcónaí le tuismitheoir / caomhnóir nó le duine fásta iontaofa sula roghnaíonn tú gnéithe breise laistigh d'aip a bhféadfadh go mbeadh ort íoc as.**

Cuir Bileog Gníomhaíochta 3.4 suas ar an gclár bán chun go bhfeicfidh na daltaí é. Mínigh gurb é an tasc atá acu gach abairt a léamh agus smaoineamh ar an bhfocal ceart sa 'STÓR FOCAL' atá in easnamh i ngach aon cheann de na habairtí. Tabhair Bileog Gníomhaíochta 3.4 amach do na daltaí agus tabhair am ar leataobh chun iad a líonadh isteach. Mol do na daltaí a mbeadh deacracht acu na focail a scríobh líne a tharraingt go dtí an focal ceart.

## CÉIM 2.

Nuair atá na daltaí críochnaithe, téigh tríd na freagraí chun an méid a thuigeann siad faoi a sheiceáil.





# BILEOG GNÍOMHAÍOCHTA 3.4: BARR-LEIDEANNA RUBY & ARCHIE CHUN CLUICHÍ A IMIRT AR LÍNE



**Meaitseáil na focal atá in easnamh leis na focail sa stór focal chun Barr-Leideanna Ruby & Archie Chun Cluichí A Imirt Ar Líne a chríochnú**

1. IAR AR ____________ Ó DO THUISMITHEOIR/CAOMHNEOIR AR DTÚS SULA NDÉANTAR CLUICHE A ÍOSLÓDÁIL.

2. SEICEÁIL ______________ AOISE AN CLUICHE/AN AIP ROIMH DUIT É A IMIRT.

3. NÁ __________ CLUICHE NÓ ÍOC AS AON RUD SA CHLUICHE GAN CEAD A BHEITH FAIGHTE Ó DO THUISMITHEOIR/CAOMHNÓIR AR ROIMH RÉ.

4. IARRAIDH AR DO THUISMITHEOIRÍ/CAOMHNÓÍR CUIDIÚ LEAT CHUN PRÓIFÍL A CHRUTHÚ MÁ TÁ SÉ AG TEASTÁIL DON CHLUICHE. AGUS AN PRÓIFÍL Á CHRUTHÚ AGAT, DÉAN CINNTE:

   A. GO BHFUIL SÉ SOCRAITHE LE BHEITH ____________.

   B. NÁ ÚSÁID __________ GHRIANGHRAF NÁ D'AINM IOMLÁN.

5. IS IONANN DO _______________ AGUS AN EOCHAIR ATÁ AGAT CHUN DO CHUID EOLAIS PHEARSANTA AR LÍNE A CHOIMEÁD SLÁN – COIMEÁD FAOI RÚN É AGUS NÁ ROINN LE HÉINNE É SEACHAS LE DO THUISTÍ/CAOMHNÓIR.

6. MÁ FHEICEANN TÚ AON RUD GRÁNNA, NÓ AON RIALACHA Á MBRISEADH, DO ________ HUISMITHEOIR NÓ DO DHUINE FÁSTA IONTAOBHA FAOI, I GCÓNAÍ, FIÚ MÁS RUD É GO GCEAPANN TÚ GO NDEARNA TÚ RUD ÉIGIN MÍCHEART.

| STÓR FOCAL | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | A. Rátáil | C. Fíor | E. Pasfhocal | G. Príobháideach |
| | B. Cead | D. Inis | F. Ceannaigh | |

# GNÍOMHAÍOCHT 3.5: AN FÉINMHACHNAMH

## CÉIM 1.

Úsáid an teimpléad machnaimh in Aguisín 1 agus iarr ar na daltaí aon rud amháin a d'fhoghlaim siad faoi chluichí a imirt ar líne inniu a bhreacadh síos. Iarr ar na daltaí a gcuid freagraí a roinnt agus an sin téigh siar ar na pointí seo a leanas:Is uirlis iontach é an t-idirlíon chun cabhrú linn níos mó a fhoghlaim faoinár gcaitheamh aimsire, faoi na rudaí a bhfuil suim againn iontu agus faoin an domhan mór atá timpeall orainn.

- Is féidir spraoi a bheith i gceist leis a bheith ag imirt cluichí ar líne, agus is féidir leis cur le scileanna tábhachtacha freisin, an obair foirne agus réiteach fadhbanna, mar shampla.
- Roimh duit cluiche a íoslódáil nó a imirt, faigh cead agus seiceáil rátáil aoise an chluiche le tuismitheoir/ caomhnóir, i gcónaí.

**Le hAghaidh Rang 2 Amháin. Tá sé tábhachtach fanacht sábháilte nuair atá tú ag imirt cluichí ar líne. Agus tú ag imirt cluichí ar líne:**

- Seiceáil ar dtús roimh duit ceangail a dhéanamh leis an idirlíon! Roimh duit cluiche a imirt, faigh cead agus seiceáil rátáil aoise an chluiche le tuismitheoir/ caomhnóir, i gcónaí.
- Is ionann do phasfhocal agus an eochair atá agat chun do chuid eolais phearsanta ar líne a choimeád slán - coimeád faoi rún é agus ná roinn le héinne é seachas le do thuistí/caomhnóir.
- Ná ceannaigh cluiche nó íoc as aon rud sa chluiche gan cead a bheith faighte ó do thuismitheoir/ caomhnóir ar roimh ré.
- Inis do dhuine fásta i gcónaí má tharlaíonn rud éigin ar líne a chuireann as duit, a chuireann mearbhall ort nó a chuireann fearg ort.

## CÉIM 2.

Faoi dheireadh, déan Bileog 3 Webwise le Tabhairt Abhaile do Thuismitheoirí / Caomhnóirí a dháileadh agus téigh tríd. Inis do na daltaí go bhfuil Rannóg Tuismitheoirí/Caomhnóirí ann do thuismitheoirí le léamh faoi na rudaí atá foghlamtha acu sa rang inniu agus go bhfuil Cuid do na Daltaí ann agus gníomhaíocht ann le tabhairt abhaile atá le líonadh isteach acu mar obair bhaile. Meabhraigh do na daltaí go gcaithfidh a dtuismitheoirí / gcaomhnóirí an bhileog a shíniú nuair atá an ghníomhaíocht críochnaithe acu agus an bhileog léite acu.

Safer Internet Day

### GNÍOMHAÍOCHT BHREISE LE HAGHAIDH LÁ IDIRLÍON NÍOS SÁBHÁILTE

Ag baint úsáide as uirlis nó aip ar líne, déan póstaer digiteach a dhearadh bunaithe ar an bpríomhtheachtaireacht sábháilteachta seo: Stad, Smaoinigh, Seiceáil. Ba bhreá le Webwise na póstaeir atá déanta agaibh le haghaidh Lá Idirlín Níos Sábháilte a fheiceáil! Cuir isteach pictiúr díobh chugainn i r-phost chuig: internetsafety@pdst.ie nó coinnigh súil amach dár gcomórtas Lá Idirlín Níos Sábháilte ar webwise.ie/ saferinternetday agus d'fhéadfadh do scoil duaiseanna a bhuachan!

**MEABHRÚ:**
**Ba chóir do mhúinteoirí seiceáil le lucht bainistíochta na scoile maidir le cead chun daltaí a thaifeadadh agus chun toiliú tuismitheoirí a lorg.**

# BILEOG WEBWISE LE TABHAIRT ABHAILE DO THUISMITHEOIRÍ / CAOMHNÓIRÍ 3

## CUID LE HAGHAIDH TUISMITHEOIRÍ/CAOMHNÓIRÍ - AG IMIRT CLUICÍ AR LÍNE

### ACHOIMRE AR AN GCEACHT

Inniu, d'fhoghlaim do pháiste faoi cé chomh tábhachtach is atá sé fanacht sábháilte ar líne nuair a táthar ag imirt cluichí ar líne. Seo achoimre ar cheacht an lae inniu:

- Is uirlis iontach é an t-idirlíon chun cabhrú linn níos mó a fhoghlaim faoinár gcaitheamh aimsire, faoi na rudaí a bhfuil suim againn iontu agus faoin an domhan mór atá timpeall orainn.
- Tá spraoi a bheith i gceist leis a bheith ag imirt cluichí ar líne, agus cuireann sé le scileanna tábhachtacha freisin, an obair foirne agus réiteach fadhbanna, mar shampla. Tá an-rogha de chluichí le himirt agus is féidir teagmháil a dhéanamh le daoine eile ar na gcláir imeartha, agus tá sé tábhachtach dá bharr fanacht sábháilte nuair a táthar ag imirt cluichí ar líne.

Tá an-rogha de chluichí le himirt agus is féidir teagmháil a dhéanamh le daoine eile ar na gcláir imeartha, agus tá sé tábhachtach dá bharr fanacht sábháilte nuair a táthar ag imirt cluichí ar líne.

**Ag Imirt Cluichí Ar Líne - Comhairle do Thuismitheoirí**

Má dhéanann do pháiste cinneadh go bhfuil sé ag iarraidh cluiche a imirt ar líne, cuidigh leo próifíl a chruthú. Ag seo, roinnt leideanna cabhracha le plé le do leanbh:

- Roimh duit cluiche a imirt, seiceáil rátáil aoise an chluiche, i gcónaí.
- Faigh cead i gcónaí sula ndéantar cluiche a íoslódáil.
- Coinnigh do phróifíl príobháideach agus ná húsáid fíor-ghrianghraif ná d'ainm iomlán ach oiread.
- Ná tabhair faisnéis phearsanta do dhaoine nach bhfuil aithne agat orthu as líne.
- Is ionann do phasfhocal agus an eochair atá agat chun do chuid eolais phearsanta ar líne a choimeád slán - coimeád faoi rún é agus ná roinn le héinne é seachas le do thuistí/caomhnóir.
- Má tharlaíonn rud éigin i gcluiche a chuireann as duit, a chuireann isteach ort, nó a chuireann mearbhall ort, inis do dhuine (tuismitheoir / caomhnóir / múinteoir) faoi. Má thagann do leanbh chugat maidir le haon ábhar gránna nó rialacha ar briseadh, cuidigh le do leanbh an phróifíl i gceist a bhlocáil agus é a thuairisciú.

**Meabhraigh do do pháiste nach bhfuil gach rud ar an idirlíon saor in aisce, tá costais fholaithe ag gabháil le roinnt cluichí saor in aisce. Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí ceannacháin in-aip a mhúchadh sna sochrúcháin teileafóin / aipeanna.**

### BÍ COMHRÁ AGAIBH FAOI

**Chun tús a chur leis an gcomhrá le do leanbh faoi conas fanacht sábháilte agus iad ag imirt cluichí ar líne, úsáid na leideanna cabhracha agus na hábhair le plé seo a leanas:**

- Play it Safe - An Introductory Guide to Online Gaming for Parents atá ar fáil anseo: www.webwise.ie/parents/play-it-safe-an- introductory-guide-to-online-gaming-for- parents/
- Ábhair le Plé: Online Gaming atá ar fáil anseo: www.webwise.ie/parents/online-gaming- talking-points-parents/
- Aipeanna Mínithe: Bí ar an eolas maidir leis na cluichí agus aipeanna is deireannaí atá ar fáil anseo: www.webwise.ie/ category/parents/explainers/


**Téigh chuig webwise.ie/parents chun tuilleadh comhairle, tacaíocht agus acmhainní a fháil.**

# AN CHUID DO NA DALTAÍ



# GNÍOMHAÍOCHT LE TABHAIRT ABHAILE - FAN SLÁN SÁBHÁILTE AGUS TÚ AG IMIRT CLUICHÍ

Cuidigh le Ruby an bealach a aimsiú tríd an gcluiche Robowarrior agus seachain aon tarluithe neamhshábháilte a d'fhéadfadh teacht suas i rith an chluiche. Rianaigh an bealach is sábháilte tríd an gcluiche






AINM AN DALTA:

SÍNIÚ TUISMITHEORA/CAOMHNÓRA:

DÁTA:

# CEACHT 4

# AN COMHRÁ AR LÍNE

## CUMARSÁID AR LÍNE SÁBHÁILTE, MEASÚIL

## CUSPÓIR:

Sa cheacht seo, déanfaidh na daltaí scrúdú ar an tslí is féidir nasc a dhéanamh le daoine leis an idirlíon, agus idirchumarsáid chomh maith. Foghlaimeoidh na daltaí faoi na cineálacha éagsúla cumarsáide ar líne atá ann (r-phost, teachtaireacht, físeán, srl.), chomh maith leis na buntáistí a bhaineann le nascadh a dhéanamh ar líne. Tugann an ceacht seo tús-léargas freisin do dhaltaí ar an gcoincheap gur cheart a bheith sábháilte, cineálta agus measúil nuair a táthar ag déanamh na cumarsáide ar líne.

## TORTHAÍ FOGHLAMA:

Nuair atá an ceacht seo críochnaithe ag na daltaí, beidh siad in ann:

- Bealaí ar féidir linn cumarsáid a dhéanamh ar líne a lua.
- Na huirlisí a chabhróidh linn chun cumarsáid a dhéanamh ar líne a lua.
- Na buntáistí atá i gceist leis an comhrá/nascadh ar líne (caint le daoine muinteartha, le cairde, an obair scoile, an súgradh, an foghlaim, srl.).
- Tuiscint nach mór dúinn a bheith cúramach agus muid ag cumarsáid ar líne agus cead a fháil i gcónaí sula dtéitear ar líne.
- Tuiscint gur ionann an tslí gur cheart caitheamh le daoine sa saol ar líne is sa fíor-shaol - tá sé chomh tábhachtach céanna meas a bheith agat ar chairde agus ar dhaoine eile agus tú ag cumarsáid ar líne agus atá sé sa gnáthshaol, as líne.

## NAISC CHURACLAIM

### CURACLAM SPHE RANG 1 & RANG 2

**Sraith:** Mé féin agus daoine eile

**Aonad Sraithe:** Mo chairde agus daoine eile

**Cuspóirí Churaclaim:**


- Bheith eolach ar an gcaoi gur ceart caitheamh le daoine le dínit agus le meas.

**Sraith:** Mé féin agus an domhan mór atá timpeall orm

**Aonad Sraithe:** Teagasc Meáin

**Cuspóir Churaclaim:**

faigh amach faoi na bealaí éagsúla inar féidir faisnéis a chur in iúl do dhaoine eile.



## CLÁR FANACHT SLÁN SÁBHÁILTE RANG 1 & RANG 2

Clár scileanna sábháilteachta pearsanta do bhunscoileanna is é an clár Fan Slán Sábháilte. Is acmhainn éigeantach é Fan Slán Sábháilte agus caithfear é a úsáid i gcomhthéacs an churaclam SPHE chun na cuspóirí ábhartha a chlúdach. Is féidir an Clár seo, na Laochra HTML, a úsáid mar thacaíocht bhreise agus tú i mbun ábhar forordaithe an Chláir Fan Slán Sábháilte a mhúineadh

- Topaic 2. Cairde agus an Bhulaíocht.

## NAISC THRAS-CHURACLAIM:

### NA HAMHARC-EALAÍONA

**Sraith:** An Phéint agus Dathanna

**Aonad Sraithe:** An Phéinteáil

**Cuspóir Churaclaim:** Foghlaim faoi dhathanna le raon fairsing ábhar agus meán

**Gníomhaíocht don Rang:** Déan póstaer ildaite ag baint úsáide as an bpéint agus as ábhair nó uirlisí digiteacha chun Lá Sábháilteachta Idirlín a cheiliúradh agus cur isteach é ar an gcomórtas atá ag Webwise.

## CURACLAM TEANGA BUNSCOILE

**Sraith:** An Teanga Labhartha

**Gné:** An Tuiscint

**Toradh Foghlama 5:** Stór focal

**T.F. 5:** Bain úsáid as stór focal agus frásaí cainte cliste, an teanga téacs san áireamh, chomh maith leis an bhfriotal atá topaic-sonrach agus ábhar-sonrach, agus bain úsáid chomh maith as an teanga dí-chomhthéacsaithe.

**Gníomhaíocht don Rang:** Sainaithin an stór focal lárnach don cheacht (m.sh. an cineáltas, an meas, emoji, an chumarsáid ríomhphoist). Ullmhaigh sainmhínithe ar an stór focal roghnaithe atá oiriúnach do leanaí. Scríobh an spriocfhocail ar thaobh amháin de luaschárta agus an sainmhíniú ar an taobh eile agus cruthaigh taispeáint amhairc chun aird a dhíriú ar na focail agus mar scafall scríbhneoireachta. Gríosaigh an rannpháirtíocht ghníomhach trí na daltaí a spreagadh chun a gcuid smaointeoireachta agus taithí féin maidir leis na focail a phlé agus a roinnt.

**Tabhair deiseanna do na daltaí imirt leis na focail:**

- I mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga, déanann daltaí comhchiallaigh agus aintimí a thaifeadadh do na spriocfhocail.
- Biongó Focal: Déan bileoga biongó agus cuir focail i ngach aon chearnóg iontu. Marcálann na daltaí an focal ceart nuair a ghlaoitear amach é.
- Biongó Comhchiallach/Fritchiallach: Glaoigh amach comhchiallaigh/frithchiallaigh d’fhocail atá ar na cártaí biongó agus féach cé mhéad dalta a fhaigheann iad.
- Fréamhacha abairtí: Fréamhacha abairtí le críochnú a thabhairt do na daltaí.

**Taispeáin na focail agus déan athbhreithniú orthu go tréimhsiúil. I measc na ngníomhaíochtaí, féadfar a áireamh:**

- trí fhocal a roghnú go randamach agus iarraidh ar na daltaí iad a nascadh, idir é sin a dhéanamh ó bhéal agus i scríbhinn araon.
- focal a roghnú agus dúshlán a thabhairt do na daltaí é a shainmhíniú nó é a úsáid in abairt.

## AG LEANÚINT AR AGHAIDH LEIS AN GCEACHT LEIS NA LAOCHRA HTML: EAGRÁN RANG 3 AGUS RANG 4

Leantar leis na téamaí agus na hábhair maidir leis an tsábháilteacht ar líne sa cheacht seo i:

- Ceacht 6: Cumarsáid Measúil Ar Líne, tuilleadh gníomhaíochtaí ceachta anseo: https://www.webwise.ie/lessons/6-respectful-communication-online/
- Ceacht 7: Anaithnidh Ar Líne, tuilleadh gníomhaíochtaí ceachta anseo: https://www.webwise.ie/lessons/7-anonymous- online/

## ACMHAINNÍ ATÁ DE DHÍTH:

- Ríomhaire ceangailte leis an teilgeoir/clár bán
- Bileog Gníomhaíochta 4.1: An Chumarsáid Ar Líne
- Seicliosta 4.3: Barr-Leideanna Ruby & Archie le haghaidh an Chaidrimh Shábháilte Ar Líne
- Bileog Webwise Le Tabhairt Abhaile do Thuismitheoirí / Chaomhnóirí 4
- Gearrscéal Laochra HTML: 'Cuireann Dolly Físghlao ar a Mamó' ar fáil ag www.webwise.ie/ html-heroes

## MODHEOLAÍOCHTAÍ:

Plé, comhroinnt smaointe-péire, ransú smaointe, scéalaíocht, obair ghrúpa, scríbhneoireacht neamhspleách nó chomhoibritheach

## STÓR FOCAL LÁRNACH:

- **CUMARSÁID -** is éard atá i gceist ná teachtaireacht, faisnéis nó smaointe a sheoladh agus a fháil - áirítear leis seo an chaint agus ábhair scríofa, chom maith leis an éisteacht agus an léamh. Is féidir gluaiseachtaí aghaidhe agus coirp, chomh maith leis an ealaín chun smaointe nó mothúcháin a chur in iúl a áireamh leis chomh maith.
- **CEANGAIL -** chun gléas a cheangal nó a chur leis an idirlíon ionas go mbeidh sé ceangailte leis an idirlíon agus go mbeidh tú in ann dul ar líne agus féachaint thart ar an idirlíon.
- **GLÉAS -** sa chás seo, táthar ag tagairt do phíosa trealaimh leictreonaigh ar féidir leis ceangal a dhéanamh leis an idirlíon, m.sh. fón cliste, taibléad, ríomhaire, cúntóir fíorúil, srl.
- **RÍOMHPHOST -** bealach chun an chumarsáid a dhéanamh ar líne; is féidir le daoine a bhfuil seoltaí ríomhphoist acu litreacha leictreonacha a sheoladh agus a fháil araon.
- **EMOJI -** íomhá nó deilbhín beag digiteach a úsáidtear chun smaoineamh nó mothúchán a chur in iúl.
- **CINEÁLTAS -** a bheith tuisceanach agus tuiscint a léiriú maidir le folláine agus mothúcháin daoine eile.
- **MEAS -** caitheamh le duine le cúram agus le cineáltas agus aird a thabhairt orthu; duine a bhfuil meas ag daoine air.

## NÓTA DON MHÚINTEOIR:

Moltar gníomhaíocht 4.4 sa cheacht seo a bheith oiriúnach do **rang 2 amháin**. Moltar do mhúinteoirí an méid taithí atá ag na daltaí le huirlisí ar líne éagsúla a mheas agus an acmhainn atá curtha ar fáil dóibh a leasú dá réir sin. Mar shampla, d'fhéadfadh an scoil suirbhé a chur ar na múinteoirí, tuismitheoirí agus / nó na daltaí le fáil amach an imríonn siad cluichí ar líne nó an úsáideann siad aipeanna teachtaireachta. Má tá líon suntasach do na daltaí ag úsáid an idirlín le haghaidh teachtaireachtaí / cumarsáide, beidh an ghníomhaíocht seo an-úsáideach go deo. Sa chás nach bhfuil aon leanbh sa rang ag úsáid aipeanna teachtaireachtaí, b'fhéidir gur fearr an ghníomhaíocht seo a sheoladh le haoisghrúpa níos sine.





# GNÍOMHAÍOCHTAÍ CEACHTA

## GNÍOMHAÍOCHT 4.1: AN COMHRÁ AR LÍNE

### CÉIM 1.

I dtús báire, inis do na daltaí go bhfuiltear chun breathnú i gceacht an lae inniu ar conas is féidir linn an t-idirlíon a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh agus chun dul i dteagmháil le daoine muinteartha againn, le cairde againn agus leis an saol mór. Ar dtús, iarr ar na daltaí ransú smaointe a dhéanamh faoi na bealaí éagsúla ar féidir linn labhairt le chéile, dul i dteagmháil agus faisnéis a roinnt le chéile nó a sheoladh chuig duine éigin eile. Ghríosaigh na daltaí freagraí a thabhairt agus déan taifead díobh ar an gclár bán. I measc na moltaí féadfar go n-áireafaí leo caint leis an duine ar an bhfón, litir a scríobh, teachtaireacht téacs nó físe a chucu, nó fiú comharthaí láimhe. Ansin, iarr ar na daltaí a aird a dhíriú ar na huirlisí a úsáidimid chun cabhrú linn fanacht i dteagmháil. I measc samplaí d'uirlisí a úsáidimid chuile lá chun cumarsáid a dhéanamh tá peann luaidhe, páipéar, teileafón, ceamara, ár guth, nathanna coirp / aghaidhe, srl.

Mínigh do na daltaí gurb í "an chumarsáid" a thugtar ar an slite éagsúla ar féidir linn labhairt le duine, agus teachtaireacht a chur chucu nó a roinnt leis. Scríobh an sainmhíniú ar an gCumarsáid seo a leanas ar an gclár bán: is éard atá i gceist le Cumarsáid ná teachtaireacht, faisnéis nó smaointe a sheoladh agus a fháil - áirítear leis seo an chaint agus ábhair scríofa, chomh maith leis an éisteacht agus an léamh. Is féidir gluaiseachtaí aghaidhe agus coirp, chomh maith leis an ealaín chun smaointe nó mothúcháin a chur in iúl a áireamh leis chomh maith. Déan tagairt do na samplaí cumarsáide a taifeadadh ar an gclár bán a d'aithin na daltaí ag tús an cheachta. Roinn samplaí breise de réir mar is gá m.sh. an teanga chomharthaíochta, pictiúr, ceol, ealaín, comharthaí coirp m.sh. comharthaí láimhe a úsáidtear nuair a bhítear ag rothaíocht.

### CÉIM 2.



Ansin, iarr ar na daltaí machnamh a dhéanamh ar na bealaí gur féidir linn cumarsáid a dhéanamh ar líne leis an idirlíon.Dáil amach Bileog Gníomhaíochta 4.1 agus téigh tríd na treoracha leis na daltaí. Nuair atá an bhileog gníomhaíochta comhlánaithe ag na daltaí, téigh tríd na freagraí atá tugtha acu. I measc na samplaí a mholtar de chineálacha cumarsáide tá r-phost, teachtaireachtaí, glaonna físe, glaonna gutha, físeáin, pictiúir. Mínigh do na daltaí go mbíonn faisnéis, teachtaireacht nó smaointe á seoladh agus á bhfáil san idirchumarsáid ar líne chomh maith. Is é an t-aon rud atá éagsúil leis ná go bhfuilimid ag caint faoi **theachtaireachtaí a sheoladh agus a fháil trí ghléas digiteach mar shampla fhón cliste nó ríomhaire atá ceangailte leis an idirlíon.**



### CÉIM 3.

Ansin, fiafraigh de na daltaí cad iad na buntáistí a bhaineann le bheith in ann an t-idirlíon a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh nó labhairt le cairde, le gaolta, leis an scoil agus leis an domhan mór fiú. Iarr ar na daltaí freagraí a thabhairt.Iarr ar na daltaí machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a ndearnamar cumarsáid le cairde agus le daoine muinteartha le linn Covid-19 nuair nach rabhthas in ann bualadh le chéile go pearsanta. Cad iad na huirlisí a d'úsáidamar chun cumarsáid a dhéanamh agus conas a chabhraigh siad linn fanacht i dteagmháil lenár muintir? Iarr ar na daltaí freagraí a thabhairt. I measc na freagraí a bhféadfaí a bheith ann, d'fhéadfaí a lua go rabhthas in ann daoine muinteartha atá ina gcónaí i bhfad i gcéin a fheiceáil, cumarsáid láithreach a dhéanamh, mar shampla teachtaireacht téacs a sheoladh, agus go rabhthas in ann an chian-obair a dhéanamh, maidir le tuismitheoirí agus daltaí araon, agus gur éirigh leis na daltaí obair scoile a dhéanamh sa bhealach sin.

# BILEOG GNÍOMHAÍOCHTA 4.1: AN TSLÍ A MBÍMID AG LABHAIRT AR LÍNE

1. Aimsigh na huirlisí ag seo leanas ar féidir leo nasc a dhéanamh leis an idirlíon agus cuir ciorcal timpeall orthu.




2. Ansin, roghnaigh 3 cinn de na huirlisí ar féidir iad a úsáid chuncumarsáid a dhéanamh ar líne agus luaigh bealach amháin ar féidir leat cumarsáid a dhéanamh ar líne.

Tá sampla curtha ar fáil duit anseo:

UIRLIS: RÍOMHAIRE

CINEÁL CUMARSÁIDE: SEOL R-PHOST

1. UIRLIS:

CINEÁL CUMARSÁIDE:

2. UIRLIS:

CINEÁL CUMARSÁIDE:

3. UIRLIS:

CINEÁL CUMARSÁIDE:

# GNÍOMHAÍOCHT 4.2: GEARRSCÉAL LAOCHRA HTML:



### CÉIM 1.

Téigh chuig www.webwise.ie/html-heroes agus taispeáin an gearrscéal de chuid na Laochra HTML: Cuireann Dolly Físghlao ar a Mamó agus an scéal á léamh agat féin.

### CÉIM 2.

Nuair atá an scéal críochnaithe agaibh, téigh tríd na ceisteanna le plé chun cabhrú leis na daltaí machnamh a dhéanamh ar an gcás maidir leis an tsábháilteacht ar an idirlíon agus na teachtaireachtaí sábháilteachta a ndéantar scrúdú orthu sa scéal.

## CEISTEANNA LE PLÉ:

1. DÉAN LIOSTA DE NA BEALAÍ A DHÉANANN DOLLY CUMARSÁID LENA MAMÓ

2. (A) CÉARD IS RÍOMHPHOST ANN?
   (B) CÉARD IS FÍSGHLAO ANN?

3.. CÉARD A BHÍ ÁIRITHE SA RÍOMHPHOST A CHUIR DOLLY CHUIG A MAMÓ DÁ LÁ BREITHE?

4. CÉN FÁTH A BHFUIL SÉ TÁBHACHTACH, I DO THUAIRIM FÉIN, GO RAIBH TUISTÍ ARCHIE I LÁTHAIR NUAIR A CHUIR SÍ GLAO AR A MAMÓ?

5. (A) AR ÚSÁID TÚ AN IDIRLÍON CHUN CUMARSÁID A DHÉANAMH LE GAOL NÓ LE CARA AGAT RIAMH?
   (B) CONAS A RINNE TÚ CUMARSÁID LEIS AN DUINE SIN AR LÍNE?

6. DÉAN CUR SÍOS AR BHUNTÁISTE AMHÁIN AN TIDIRLÍON A ÚSÁID CHUN CUMARSÁID A DHÉANAMH.

# GNÍOMHAÍOCHT 4.3: AN CHUMARSÁID AR LÍNE SÁBHÁILTE

## CÉIM 1.

Fiafraigh de na daltaí cad iad na ceachtanna tábhachtacha a d'fhoghlaim Dolly faoi conas fanacht sábháilte agus í ag déanamh cumarsáid ar líne sa scéal Cuireann Dolly Físghlao ar a Mamó. Iarr ar na daltaí freagraí a thabhairt. D'fhéadfadh na samplaí ag seo leanas a bheith áirithe mar chuid de na freagraí: D'inis Archie do Dolly nár cheart di caint ar fhísghlao seachas amháin más rud é go bhfuil duine fásta ann léi agus nár cheart duit labhairt le héinne ar líne nach bhfuil aithne agat orthu sa fíorshaol as líne. Iarr ar na daltaí machnamh a dhéanamh ar an méid maidir leis an tsábháilteacht a d'fhoghlaim siad sna ceachtanna a bhí acu roimhe seo agus conas a bhaineann siad le comhrá a dhéanamh le duine ar an idirlíon. Ghríosaigh na daltaí freagraí a thabhairt agus déan taifead díobh. Cuir béim ar na pointí tábhachtacha seo a leanas más rud é nach bhfuil sé sin déanta agat cheana féin: seiceáil ar dtús i gcónaí roimh duit ceangail a dhéanamh leis an idirlíon; **faigh cead ó dhuine fásta atá iontaofa chuile uair sula dhéanann tú ceangal leis an idirlíon. Stad, Smaoinigh agus Seiceáil sula gcliceál;nn tú ar shuíomh nua nó sula íoslódálann tú aip den chéad uair. agus seiceáil le tuismitheoir, le caomhnóir nó le duine fásta iontaofa más rud é go bhfuil rud ar líne nach bhfuil tú cinnte go bhfuil se oiriúnach duit féin.**

## CÉIM 2.

Mínigh do na daltaí go bhfuiltear anois chun féachaint ar níos mó de na sárleideanna atá ag Ruby agus Archiechun fanacht sábháilte nuair atá tú ag déanamh comhrá ar líne. Léigh trí seicliosta 4.3: Barr-Leideanna Ruby & Archie le haghaidh an Chaidrimh Shábháilte Ar Líne leis na daltaí.



## CÉIM 3.

Tabhair deis do na daltaí an chumarsáid shábháilte ar líne a chleachtadh trí cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas

- Blag ranga a chumadh agus a fhoilsiú, faoi mhaoirseoireacht múinteoirí, lena n-áirítear na príomhphointí ó seicliosta 4.3 ar conas cumarsáid a dhéanamh go sábháilte ar líne.
- Socraigh fís-ghlao le rang eile le daltaí rang 1 nó rang 2 sa scoil agus cuir na leideanna maidir le cumarsáid shábháilte ar líne i láthair dóibh.
- Scríobh r-phost thar ceann an ranga chun buíochas a chur in iúl don fhoireann san ospidéal áitiúil nó chun teachtaireacht a thabhairt d'Uachtarán na hÉireann faoi ......?.



Tabhair faoi deara, beidh na gníomhaíochtaí seo ag brath ar an teicneolaíocht atá ar fáil ag na daltaí. Beidh sé tábhachtach go dtaispeánann an múinteoir conas é a dhéanamh, agus go dtugann an múinteoir tacaíocht agus treoir dóibh freisin.



# SEICLIOSTA 4.3: BARR-LEIDEANNA RUBY & ARCHIE LE HAGHAIDH AN CHAIDRIMH SHÁBHÁILTE AR LÍNE



Úsáidtear an t-idirlíon chun daoine a nascadh agus tugann sé deis dúinn faisnéis a chur in iúl agus a roinnt. Is féidir leis chun cabhrú linn caidreamh a dhéanamh le daoine muinteartha agus lenár gcairde, agus níos mó a fhoghlaim faoi na rudaí a bhfuil suim againn iontu agus faoin an domhan mór atá timpeall orainn.

Tá sé tábhachtach gan dearmad a dhéanamh gur ionann an tslí gur cheart caint le daoine sa saol ar líne is sa fíor-shaol - tá sé chomh tábhachtach céanna meas a bheith agat ar chairde agus ar dhaoine eile agus tú ag cumarsáid ar líne agus atá sé sa gnáthshaol, as líne. Cuideoidh barrleideanna Ruby agus Archie leat fanacht sábháilte, a bheith cineálta agus meas a léiriú agus tú ag déanamh comhrá ar líne.


**STAD, SMAOINIGH, SEICEÁIL!**
Always check and get permission from a trusted adult before you decide to connect to the internet to chat with someone online.

Ná labhair le daoine ar líne **nach bhfuil aithne agat orthu cheana féin san fhíor-shaol as líne.**

Más mian leat gléas digiteach a úsáid chun comhrá a dhéanamh le duine, **déan cinnte go bhfuil duine fásta i láthair** nuair atá tú ag déanamh comhrá ar líne.

**Bí cineálta, agus tabhair urraim do dhaoine eile, nuair atá tú ar líne.** Ná déan trácht gránna faoi dhaoine eile ar líne riamh. Ná freagair riamh ar trácht ghránna agus ar theachtaireachtaí gránna. Taispeáin iad do dhuine fásta iontaofa.

Tá sé tábhachtach gan rúin a choinneáil ar líne - inis do thuismitheoir nó do chaomhnóir i **gcónaí** má fheiceann tú rud éigin gránna ar líne.



# GNÍOMHAÍOCHT 4.4: DEAR PÓSTAER FAOIN A BHEITH CINEÁLTA AR LÍNE (RANG 2 AMHÁIN)

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:**
Moltar go bhfuil an ghníomhaíocht ceachta seo a leanas oiriúnach do rang 2 amháin.

## CÉIM 1.

Mínigh do na daltaí, cé go bhfuil sé go hiontach go bhfuil go leor bealaí éagsúla ar fáil dúinn ar an idirlíon chun an chumarsáid a dhéanamh, mar shampla trí theachtaireachtaí téacs agus nótaí gutha, le pictiúir, le físeáin agus emojis, uaireanta is amhlaidh is go bhfuil teanga ar leith ann ar líne nach mbaineann leis an saol as líne. Ní mór dúinn a choinneáil i gcuimhne, toisc nach féidir linn an duine a fheiceáil nó a chloisteáil i gcónaí agus muid ag cumarsáid leo ar líne mar is féidir linn sa saol dáiríre, go bhfuil sé níos éasca rudaí a mhíthuiscint. Sin é an fáth **go bhfuil sé chomh tábhachtach a chinntiú go bhfuilimid cineálta agus tuisceanach faoi mhothúcháin daoine eile agus muid ag comhrá ar líne agus muid ag comhrá le daoine aghaidh le haghaidh.**

Iarr ar na daltaí smaoineamh ar an chuma a bhíonn ar an gcaidreamh nuair a bhítear go cineálta béasa. Cad iad na híomhánna atá acu a thagann chun cuimhne ina n-intinn? Faigh aiseolas uathu agus déan é a bhreacadh síos ar an gclár. Ansin, fiafraigh díobh cén chuma a bheadh ar an gcumarsáid nuair a bhítear cineálta agus roinn a gcuid moltaí lena bpáirtí. Faigh aiseolas uathu agus déan é a thaifeadadh. Ag deireadh, iarr orthu smaoineamh ar an gcaoi a mbraitheann siad nuair a bhíonn daoine cineálta leo.Iarr ar na daltaí a smaointe a roinnt le duine eile sa ghrúpa ina bhfuil siad agus, arís, faigh aiseolas uathu agus déan é a thaifeadadh ar an gclár bán. I measc na gceisteanna prasa eile a d'fhéadfadh a chur, d'fhéadfaí iarraidh ar dhaltaí smaoineamh ar an rud deireanach cineálta a rinne siad do dhuine eile.

## CÉIM 2.

Ansin, iarr ar na daltaí smaoineamh ar an gcuma a mbeadh ar an gcineáltas ar líne. Spreag na daltaí trí iarraidh orthu smaoineamh ar shampla de chineáltas a chonaic siad ar líne le déanaí - d'fhéadfadh sé a bheith i dteagmháil le gaol scothaosta a chónaíonn leo féin, moladh a thabhairt do dhuine, dea-scéal a roinnt le teaghlaigh agus le cairde e.g. pictiúr nó físeán de chóisir lá breithe, ag déanamh rud éigin do charthanas, srl.

Arís, bain úsáid as an straitéis smaointeoireachta, péire agus roinnte chun aiseolas na ndaltaí faoi seo a bhailiú agus na freagraí a chur suas ar an gclár bán. Chun an rang a thabhairt chun críche, leag béim air **gur ionann an tslí gur cheart caitheamh le daoine sa saol ar líne is sa fíor-shaol - tá sé chomh tábhachtach céanna meas a bheith agat ar chairde agus ar dhaoine eile agus tú ar líne agus atá sé sa gnáthshaol, as líne. Níor cheart trácht gránna faoi dhaoine eile a dhéanamh riamh ar líne. Ná freagair riamh ar trácht ghránna agus ar theachtaireachtaí gránna. Taispeáin iad do dhuine fásta iontaofa. Tá sé tábhachtach gan rúin a choinneáil ar líne - inis do thuismitheoir nó do chaomhnóir i gcónaí má fheiceann tú rud éigin gránna ar líne.**



## CÉIM 3.



Ansin, inis do na daltaí go bhfuil siad chun póstaer a dhearadh chun ancineáltas ar líne a spreagadh agus chun daoine a spreagadh le bheith cineálta le chéile nuair atá siad ar líne

Caithfidh an nath 'bí cineálta agus tú ag déanamh comhrá ar líne' a bheith ar an bpóstaer agus is féidir leis a bheith páipéarbhunaithe nó digiteach araon. Spreag na daltaí le bheith cruthaitheach agus go leor dathanna a úsáid iontu

## CÉIM 4.

Nuair atá na póstaeir críochnaithe ag na daltaí, iarr ar dhalta amháin nó ar bheirt díobh an obair atá déanta acu a roinnt leis an rang. Déan iad a ghríosú chun cur síos a dhéanamh ar na gnéithe (m.sh. pictiúir/graificí/téacs srl.) a bhí.

Caithfidh an nath 'bí cineálta agus tú ag déanamh comhrá ar líne' a bheith ar an bpóstaer agus is féidir leis a bheith páipéarbhunaithe nó digiteach araon. Spreag na daltaí le bheith cruthaitheach agus go leor dathanna a úsáid iontu.curtha acu sna póstaeir agus chun míniú a thabhairt faoin fáth a bheartaigh siad iad sin a chur leo. Iarr ar na daltaí na rudaí a thaitin leo faoi na póstaeir a rinne daltaí eile sa rang a roinnt. Taispeáin na póstaeir críochnaithe sa seomra ranga (priontáil amach, más féidir, póstaeir dhigiteacha). Úsáid na póstaeir mar uirlis spreagtha le meabhrú do na daltaí nár cheart dúinn riamh trácht gránna a dhéanamh faoi dhaoine eile ar líne, ná freagairt a thabhairt do bharúlacha agus teachtaireachtaí gránna ach oiread. Cuir béim ar cé chomh tábhachtach is atá sé teachtaireachtaí maslacha a thaispeáint do dhuine fásta iontaofa agus gan rúin a choinneáil faoi rudaí a tharlaíonn ar líne

- inis do thuismitheoir nó do chaomhnóir i gcónaí má fheiceann tú rud éigin gránna ar líne.



# GNÍOMHAÍOCHT 4.5: AN FÉINMHACHNAMH

## CÉIM 1.

Úsáid an teimpléad machnaimh in Aguisín 1 agus iarr ar na daltaí aon rud amháin a d'fhoghlaim siad faoin a bheith ag déanamh comhrá inniu a bhreacadh síos. Iarr ar na daltaí a gcuid freagraí a roinnt agus an sin téigh siar ar na pointí seo a leanas:

- Úsáidtear an t-idirlíon chun daoine a nascadh agus tugann sé deis dúinn faisnéis a chur in iúl agus a roinnt.
- Is féidir linn cumarsáid a dhéanamh ar an idirlíon agus teachtaireachtaí, ríomhphoist, físeáin, grianghraif, srl a sheoladh tríd.
- Úsáidimid an t-idirlíon chun cumarsáid a dhéanamh le daoine muinteartha againn, le cairde, leis an scoil, leis an obair, agus leis an saol mór i gcoitinne.
- Meabhraigh do na daltaí faoin tsábháilteacht, agus gan ach nascadh le daoine a bhfuil aithne acu orthu.
- Bí cineálta, agus tabhair urraim do dhaoine eile, nuair atá tú ar líne.
- STAD, SMAOINIGH, SEICEÁIL - Déan seiceáil agus faigh cead ó dhuine fásta atá iontaofa chuile uair sula dhéanann tú ceangal leis an idirlíon.
- Tá sé tábhachtach gan rúin a choinneáil ar líne - inis do thuismitheoir nó do chaomhnóir i gcónaí má fheiceann siad rud éigin gránna ar líne.

## CÉIM 2.

Faoi dheireadh, déan Bileog 4 Webwise le Tabhairt Abhaile do Thuismitheoirí/Caomhnóirí a dháileadh agus téigh tríd. Inis do na daltaí go bhfuil Rannóg Tuismitheoirí/Caomhnóirí ann do thuismitheoirí le léamh faoi na rudaí atá foghlamtha acu sa rang inniu agus go bhfuil Cuid do na Daltaí ann agus gníomhaíocht ann le tabhairt abhaile atá le líonadh isteach acu mar obair bhaile. Meabhraigh do na daltaí go gcaithfidh a dtuismitheoirí / gcaomhnóirí an bhileog a shíniú nuair atá an ghníomhaíocht críochnaithe acu agus an bhileog léite acu.






# BILEOG WEBWISE LE TABHAIRT ABHAILE DO THUISMITHEOIRÍ / CAOMHNÓIRÍ 4

# TUISMITHEOIRÍ WEBWISE: AN COMHRÁ AR LÍNE

## ACHOIMRE AR AN GCEACHT

Inniu sa rang, labhair muid faoi conas is féidir linn an t-idirlíon a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh agus an tábhacht atá i gceist go mbítear cineálta agus measúil agus muid ag comhrá ar líne. Seo achoimre ar cheacht an lae inniu:

- Úsáidtear an t-idirlíon chun daoine a nascadh agus tugann sé deis dúinn faisnéis a chur in iúl agus a roinnt.
- Is féidir linn cumarsáid a dhéanamh ar an idirlíon agus teachtaireachtaí, ríomhphoist, físeáin, grianghraif, srl a sheoladh tríd.
- Úsáidimid an t-idirlíon chun cumarsáid a dhéanamh le daoine muinteartha againn, le cairde, leis an scoil, leis an obair, agus leis an saol mór i gcoitinne.
- STAD, SMAOINIGH, SEICEÁIL - Déan seiceáil agus faigh cead ó dhuine fásta atá iontaofa chuile uair sula dhéanann tú ceangal leis an idirlíon.
- Níor cheart duit teagmháil a dhéanamh le haon duine nach bhfuil aithne agat orthu, agus ba cheart i gcónaí teagmháil ar líne a bheith faoi mhaoirseacht duine fásta iontaofa.
- Bí cineálta i gcónaí, agus tabhair urraim do dhaoine eile, nuair atá tú ar líne.
- Ná déan trácht gránna faoi dhaoine eile ar líne riamh. Ná freagair riamh ar trácht ghránna agus ar theachtaireachtaí gránna. Taispeáin iad do dhuine fásta iontaofa.
